– ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB[5] ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin, agus go háirithe Airteagal 60 de,

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus go háirithe Airteagal 105 de,

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Shláinte Phoiblí, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0087/2026),

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2024;

2. ag leagan amach a barúlacha sa rún anseo thíos;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, agus an rún atá ina chuid dhílis de, a chur ar aghaidh chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar iad a

---

4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

5 IO L 135, 24.5.2016, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj.

6 IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj.

fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

60. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le dúnadh chuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2024 (2025/2156(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar ghníomhaireachtaí don bhliain airgeadais 2024, maille leis na freagraí ó na gníomhaireachtaí[1],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[2] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 2 Márta 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Ghníomhaireacht i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05750/2026 – C10-0148/2026),

– ag féachaint d’Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[3], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais[4], agus go háirithe Airteagal 70 de,

---

1 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.
2 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj.
3 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.
4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB[5] ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin, agus go háirithe Airteagal 60 de,

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus go háirithe Airteagal 105 de,

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Shláinte Phoiblí, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0087/2026),

1. ag formheas dhúnadh chuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2024;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

5 IO L 135, 24.5.2016, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj.

6 IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj.

61. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis don bhliain airgeadais 2024 (2025/2156(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis a mhéid a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar ghníomhaireachtaí don bhliain airgeadais 2024, maille leis na freagraí ó na gníomhaireachtaí[1],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[2] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 2 Márta 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Ghníomhaireacht i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05750/2026 – C10-0148/2026),

– ag féachaint d’Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[3], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an

---

1 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.
2 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj.
3 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

Aontais[4], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE[5], agus go háirithe Airteagail 85 agus 86 de,

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus go háirithe Airteagal 105 de,

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Shláinte Phoiblí, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0087/2026),

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2024;

2. ag leagan amach a barúlacha sa rún anseo thíos;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus an rún atá ina chuid dhílis de, a chur chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus socrú a dhéanamh lena bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

5 IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj.

6 IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj.

62. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 ag formheas dhúnadh chuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis don bhliain airgeadais 2024 (2025/2156(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis a mhéid a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar ghníomhaireachtaí don bhliain airgeadais 2024, maille leis na freagraí ó na gníomhaireachtaí[1],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[2] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 2 Márta 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Ghníomhaireacht i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05750/2026 – C10-0148/2026),

– ag féachaint d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[3], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais[4], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa

---

1 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.
2 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj.
3 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.
4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE[5], agus go háirithe Airteagail 85 agus 86 de,

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus go háirithe Airteagal 105 de,

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Shláinte Phoiblí, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0087/2026),

1. ag formheas dhúnadh chuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis don bhliain airgeadais 2024;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

5 IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj.

6 IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj.

63. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2024 (2025/2156(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar ghníomhaireachtaí don bhliain airgeadais 2024, maille leis na freagraí ó na gníomhaireachtaí[1],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[2] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 2 Márta 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Ghníomhaireacht i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05750/2026 – C10-0148/2026),

– ag féachaint d’Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[3], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an

---

1 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.
2 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj.
3 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

Aontais[4], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha[5], agus go háirithe Airteagal 21 de,

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus go háirithe Airteagal 105 de,

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Shláinte Phoiblí, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0087/2026),

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2024;

2. ag leagan amach a barúlacha sa rún anseo thíos;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, agus an rún atá ina chuid dhílis de, a chur chuig Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

5 IO L 53, 22.2.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/168/oj.

6 IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj.

64. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le dúnadh chuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2024 (2025/2156(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar ghníomhaireachtaí don bhliain airgeadais 2024, maille leis na freagraí ó na gníomhaireachtaí[1],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[2] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 2 Márta 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Ghníomhaireacht i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05750/2026 – C10-0148/2026),

– ag féachaint d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[3], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais[4], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an

---

1 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.
2 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj.
3 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.
4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha[5], agus go háirithe Airteagal 21 de,

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus go háirithe Airteagal 105 de,

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Shláinte Phoiblí, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0087/2026),

1. ag formheas dhúnadh chuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2024;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur chuig Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

5 IO L 53, 22.2.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/168/oj.

6 IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj.

65. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2024 (2025/2156(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a mhéid a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar ghníomhaireachtaí don bhliain airgeadais 2024, maille leis na freagraí ó na gníomhaireachtaí[1],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[2] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 2 Márta 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Ghníomhaireacht i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05750/2026 – C10-0148/2026),

– ag féachaint d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[3], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an

---

1 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.
2 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj.
3 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

Aontais[4], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624[5], agus go háirithe Airteagal 116 de,

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus go háirithe Airteagal 105 de,

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Shláinte Phoiblí, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0087/2026),

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2024;

2. ag leagan amach a barúlacha sa rún anseo thíos;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus an rún atá ina chuid dhílis de, a chur chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

5 IO L 295, 14.11.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj.

6 IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj.

66. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le dúnadh chuntais na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2024 (2025/2156(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a mhéid a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar ghníomhaireachtaí don bhliain airgeadais 2024, maille leis na freagraí ó na gníomhaireachtaí[1],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[2] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 2 Márta 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Ghníomhaireacht i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05750/2026 – C10-0148/2026),

– ag féachaint d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[3], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais[4], agus go háirithe Airteagal 70 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa

---

1 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.
2 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj.
3 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.
4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624[5], agus go háirithe Airteagal 116 de,

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus go háirithe Airteagal 105 de,

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Shláinte Phoiblí, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0087/2026),

1. ag formheas dhúnadh chuntais na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2024;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

5 IO L 295, 14.11.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj.

6 IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj.

67. Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 (2025/2156(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Tacaíochta BEREC don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach don bhliain airgeadais 2024,

- ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don bhliain airgeadais 2024,

- ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne don bhliain airgeadais 2024,

- ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde don bhliain airgeadais 2024,

- ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht don bhliain airgeadais 2024,

- ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh Saothair don bhliain airgeadais 2024,

- ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí don bhliain airgeadais 2024,

- ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024,

- ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí don bhliain airgeadais 2024,

- ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil don bhliain airgeadais 2024,

- ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024,

- ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Soláthair Euratom don bhliain airgeadais 2024,

- ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí don bhliain airgeadais 2024,

- ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Fhorais Eorpaigh Oiliúna don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontas Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint do Riail 102 agus d’Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Shláinte Phoiblí, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0087/2026),

A. de bhrí gur eintitis dhlíthiúla ar leith iad gníomhaireachtaí díláraithe, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus comhlachtaí eile den Aontas atá curtha ar bun chun cúraimí sonracha teicniúla, eolaíocha nó bainistíochta a dhéanamh a chuidíonn le hinstitiúidí an Aontais beartais a dhearadh agus a chur chun feidhme; de go bhfuil siad lonnaithe i mBallstáit éagsúla, agus go bhfuil tionchar suntasach acu ar réimsí atá ríthábhachtach do ghnáthshaol shaoránaigh an Aontais, amhail sláinte, sábháilteacht, slándáil, saoirse agus ceartas; á mheabhrú nach cleachtadh cuntasaíochta teicniúil amháin é an nós imeachta um urscaoileadh, ach gur príomhionstraim cuntasachta daonlathaí é trína ndéanann an Pharlaimint measúnú ar cibé an ngníomhaíonn comhlachtaí an Aontais i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais;

B. de bhrí go bhfuil barúlacha trasghearrthacha sa rún sin, do gach comhlacht de réir bhrí Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, agus do Ghníomhaireacht Soláthair Euratom, a ghabhann leis na cinntí maidir le hurscaoileadh i gcomhréir le hAirteagal 268 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus Airteagal 3 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte;

C. de bhrí gur cheart do ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais agus do Ghníomhaireacht Soláthair Euratom díriú ar mhisin a bhfuil breisluach Eorpach soiléir acu agus gur cheart eagrú na misean sin a bharrfheabhsú chun forluí a sheachaint ar mhaithe le leas cháiníocóir an Aontais;

D. de bhrí, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, go bhfuil sé d'aidhm ag an údarás um urscaoileadh béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a fheabhsú; de bhrí go mbaineann sé sin le trédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, chomh maith le buiséadú feidhmíochtbhunaithe a chur chun feidhme agus dea-rialachas acmhainní daonna a áirithiú;

E. de bhrí go bhfuil gníomhaíocht an Aontais Eorpaigh i réimse an rialaithe bhuiséadaigh bunaithe ar dhá phrionsabal: ar thaobh amháin, a áirithiú go ndéantar buiséad an Aontais a chaitheamh go cuí agus go trédhearcach, ach ar an taobh eile, leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus calaois a chomhrac;

F. de bhrí, in 2012, gur ghlac Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach ‘Ráiteas

Comhpháirteach’[1] agus tacar cuimsitheach de threoirphrionsabail – ‘Cur Chuige Coiteann’ san iarscríbhinn a ghabhann leis – chun na gníomhaireachtaí a dhéanamh níos comhleanúnaí, níos éifeachtaí agus níos cuntasaí; de bhrí gur gheall an Coimisiún obair leantach a dhéanamh ar an gcomhaontú sin, i gcás inarb ábhartha i gcomhar leis na gníomhaireachtaí;

G. de bhrí go n-aithníonn na hinstitiúidí cineál nach bhfuil ceangailteach ó thaobh an dlí de maidir leis an Ráiteas Comhpháirteach agus leis an gCur Chuige Coiteann san iarscríbhinn a ghabhann leis, agus gan dochar dá sannadh sna nósanna imeachta buiséadacha reachtacha agus bliantúla, cuirfidh na hinstitiúidí an Cur Chuige Coiteann san áireamh i gcomhthéacs na gcinntí uile a dhéanfaidh siad amach anseo maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais, tar éis anailís de réir an cháis;

H. de bhrí, don bhliain airgeadais 2024, gur eisigh an Chúirt Iniúchóirí tuairimí neamhcháilithe do bheagnach gach gníomhaireacht; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí ardchaighdeáin a choinneáil ar bun maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh agus smacht buiséadach chun úsáid chuí agus thrédhearcach chistí an Aontais a áirithiú agus chun muinín na saoránach in institiúidí an Aontais a neartú;

I. de bhrí go bhfuil méadú tagtha ar raon feidhme freagrachtaí ghníomhaireachtaí an Aontais le blianta beaga anuas; de bhrí go bhfuil gá le hacmhainní leormhaithe agus intuartha, mar aon le struchtúir láidre rialachais agus sásraí soiléire cuntasachta, chun a chur ar a gcumas a sainorduithe a chomhlíonadh go héifeachtach agus chun inchreidteacht an Aontais a choimirciú;

J. de bhrí go léiríonn an teagmhas cibearshlándála a dhéanann difear do cheann de na gníomhaireachtaí in 2024 leochaileacht chomhlachtaí an Aontais a láimhseálann sonraí íogaire; de bhrí gur cheart caitheamh le neartú na cibearshlándála, le pleanáil leanúnachais gnó agus le córais rialaithe inmheánaigh mar thosaíocht chothrománach ar fud na ngníomhaireachtaí uile;

Ginearálta

1. á thabhairt dá haire go bhfuil trí chineál gníomhaireachta den Aontas ann: gníomhaireachtaí díláraithe, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus comhlachtaí eile; á mheabhrú go gcumhdaítear leis an rún seo 31 as na 33 ghníomhaireacht dhíláraithe agus dhá cheann de na

---

[1] Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe, Iúil 2012 (https://european-union.europa.eu/document/download/d4199ff4-1e3d-45e6-af7e-90cf1a7b10bc_en?filename=joint_statement_on_decentralised_agencies_en.pdf).

ceithre chomhlacht eile (an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), agus Gníomhaireacht Soláthair Euratom (GSE));

2. á chur i bhfios, cé go bhfuil sé beartaithe le bunú nó leathnú ghníomhaireachtaí an Aontais feabhas a chur ar chumais an Aontais, go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh an próiseas sin á threorú ag meastóireachtaí críochnúla, measúnuithe tionchair, agus léiriú soiléir ar bhreisluach; ionas gur féidir ceachtanna a fhoghlaim agus gur féidir breithniú a dhéanamh i dtaobh a sainordú a fhoirceannadh más gá; á thabhairt chun suntais gurb amhlaidh, leis an gcur chuige sin, nach é amháin go n-áiritheofaí rialáil níos fearr ach go bhfeabhsófaí freisin éifeachtacht, cuntasacht, trédhearcacht agus comhleanúnachas thírdhreach institiúideach an Aontais; á chur i bhfios go láidir nach mór aon bhreithniú ar chumaisc, ar chomhdhlúthú nó ar fhoirceannadh sainorduithe gníomhaireachta a bheith bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach, agus ar an gcaoi sin breithnithe buiséadacha nó éifeachtúlachta a chomhlánú;

3. á chur in iúl gur cúis bhuartha di ualach fiachais an Aontais atá ag dul i méid; ag tabhairt dá haire, de réir na Tuarascála Bliantúla ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (an ‘Chúirt’), go bhféadfadh iasachtaí gan íoc a fuair an tAontas ar iasacht a bheith níos mó ná EUR 900 billiún faoi 2027, sin é beagnach deich n-oiread leibhéal an fhiachais ó 2020; de bhrí go bhfuil riosca ag baint le costais iasachtaíochta atá ag dul i méid do bhuiséid amach anseo agus go laghdaíonn siad an spás fioscach do thosaíochtaí nua;

4. á chur i bhfáth nach oibleagáid chomhlíonta amháin í an trédhearcacht ach gur réamhchoinníoll í do mhuinín an phobail as gníomhaireachtaí a fheidhmíonn cumhachtaí suntasacha rialála nó oibríochtúla; á iarraidh ar ghníomhaireachtaí príomhdhoiciméid d’inneachar neamhrúnda a fhoilsiú go réamhghníomhach ar bhealach tráthúil agus soláimhsithe don úsáideoir, agus prionsabal na comhréireachta á leanúint, dlíthe cosanta sonraí á gcomhlíonadh, ábhair imní slándála, dhlíthiúla, straitéiseacha agus ábhair imní ábhartha eile á gcur san áireamh agus ag cloí le rialachán agus sainordú na gníomhaireachta faoi seach;

5. á mheabhrú go luaitear i bpointe 60 den Chur Chuige Coiteann gur cheart meastóireacht a dhéanamh ar gach gníomhaireacht gach 5 bliana; ag tathant ar an gCoimisiún tuilleadh sineirgí agus comhdhlúthú i ngníomhaíochtaí a fhiosrú, agus an fhéidearthacht gníomhaireachtaí a chumasc le gníomhaíochtaí comhlántacha, chun cost-éifeachtúlacht a áirithiú agus feidhmeanna gníomhaireachta a chuíchóiriú, lena n-áirítear athbhreithnithe sainordaithe a d’fhéadfadh a bheith ann i gcás ina bhfuil neamhéifeachtúlachtaí nó iomarcaíochtaí ann; á áitiú, i gcomhréir le prionsabail na comhréireachta, na héifeachtúlachta agus na freagrachta fioscaí, go mbeidh gníomhaireachtaí uile an Aontais faoi réir athbhreithnithe

tréimhsiúla ar fheidhmíocht; á mholadh, i gcás inar gá, go gcuirfí an clásal éagtha/athbhreithnithe i bhfeidhm chun éifeachtúlacht a chaomhnú agus chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as acmhainní; á chreidiúint go bhfuil éifeachtúlacht bhuiséadach ríthábhachtach d'fheidhmiú na ngníomhaireachtaí; á mheabhrú, i ndáil leis sin, an moladh ón gCúirt i dTuarascáil Speisialta 22/20202 ina moltar don Choimisiún úsáid meastóireachtaí trasearnálacha ar ghníomhaireachtaí a mhéadú i gcomhthéacs sheiceálacha oiriúnachta an Choimisiúin ar na réimsí beartais éagsúla; ag tabhairt dá haire gur suíodh i dTuarascáil Speisialta 22/2020 ón gCúirt nach léirítear go soiléir i gcónaí rannchuidiú intomhaiste na ngníomhaireachtaí le cuspóirí beartais an Aontais; á chur i bhfios go láidir go mbainistíonn na 33 ghníomhaireacht dhíláraithe os cionn EUR 4,1 billiún agus, lasmuigh de sheiceálacha comhlíontachta, go bhféadfadh an Pharlaimint tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar conas measúnú a dhéanamh ar a dtionchar; molann sí go ndéanfaí tuairisciú ar thacar teoranta táscairí toraidh agus tionchair agus iarrann sí ar Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais, i gcomhar leis an gCúirt, creat feidhmíochta comhchoiteann a fhiosrú agus, i gcás inarb iomchuí, a fhorbairt lena chur faoi bhráid an údaráis um urscaoileadh;

6. á chur i bhfáth gur réamhriachtanas é urraim do chearta bunúsacha agus don smacht reachta chun dea-fheidhmíocht agus bainistíocht fhónta airgeadais a bhaint amach; á mheas nach féidir ach gníomhaireachtaí a áirithíonn comhlíonadh iomlán oibleagáidí maidir le cearta bunúsacha a mheas mar ghníomhaireachtaí atá ag feidhmiú go sásúil, gan beann ar rátaí forghníomhaithe an bhuiséid;

7. á iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile leanúint de chomhlíonadh na gceart bunúsach agus na cosanta sonraí a áirithiú ina n-oibríochtaí faoi seach;

8. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an nós imeachta um urscaoileadh agus ní hamháin gur oibleagáid chonradhbhunaithe é, ach go gcuireann sé trédhearcacht, cuntasacht agus idirphlé oscailte maidir le hairgeadas an Aontais chun cinn; á mheas go léiríonn an cleachtas maidir le hurscaoileadh a dheonú trí shocruithe rialachais arna mbunú i ngníomhartha bunaidh gníomhaireachtaí amhail Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO), agus an Bord Réitigh Aonair (BRA), a gcreataí sonracha dlíthiúla agus airgeadais agus go n-áirithítear leis meastóireacht agus grinnscrúdú iomchuí, agus tacaíocht á tabhairt do thrédhearcacht agus do chuntasacht phoiblí ag an am céanna; ag meabhrú an Chur Chuige Choitinn maidir le gníomhaireachtaí lán-fhéinmhaoinithe (pointe 58), ina n-iarrtar go bhféachfaí ar shásraí cuntasachta daonlathaí, lena n-áirítear tuairisciú bliantúil don Pharlaimint, don Chomhairle agus don Choimisiún, chomh maith lena moltaí a bhreithniú, chun grinnscrúdú poiblí ar ghníomhaireachtaí a chuireann beartais an Aontais chun

feidhme a áirithiú gan dul i muinín bhuiséad ginearálta an Aontais; á mheas, mar sin féin, go mbeadh sé inmhianaithe go mbeadh gníomhaireachtaí lán-fhéinmhaoinithe ina gcuid den nós imeachta um urscaoileadh do ghníomhaireachtaí atá faoi fhreagracht an Choiste um Rialú Buiséadach, nó ar a laghad a bheith faoi réir oibleagáidí tuairiscithe feabhsaithe os comhair an Choiste um Rialú Buiséadach;

9. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur cuireadh líon méadaitheach cúraimí de chúram ar ghníomhaireachtaí díláraithe den Aontas thar na blianta trí rialacháin athbhreithnithe, trí reachtaíocht nua nó trí chomhaontuithe ar leibhéal seirbhíse agus trí chomhaontuithe tarmligin leis an gCoimisiún go minic gan acmhainní struchtúracha comhfhreagracha ná poist bhuana chomhfhreagracha; á thabhairt chun suntais go gcruthaíonn an patrún athfhillteach sin brú oibríochtúil a d'fhéadfadh, dá réir sin, cur le laigí sa bhainistiú buiséadach agus le spleáchas struchtúrach méadaitheach ar chonraitheoirí seachtracha, go háirithe i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC), na cibearshlándála agus feidhmeanna cumasúcháin oibríochtúla eile; ag tabhairt rabhaidh go bhféadfadh spleáchas fadtéarmach den sórt sin an bonn a bhaint d'acmhainneacht institiúideach, leanúnachas agus coinneáil eolais, agus ceannasacht dhigiteach an Aontais agus sláine phearsanta na saoránach á lagú ag an am céanna; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí measúnú rialta ar an spleáchas fadtéarmach sin agus go laghdófaí an spleáchas struchtúrach ar shainchomhairleoirí seachtracha, go háirithe i gcás príomhfheidhmeanna; á chur i bhfáth go mbaineann seachfhoinsiú iomarcach an bonn den chuimhne institiúideach, den chuntasacht agus den luach ar airgead; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh foireann leordhóthanach ag gníomhaireachtaí chun a sainorduithe a chomhlíonadh go hinmheánach i gcás inar féidir;

10. ag tabhairt dá haire gur féidir le heasnaimh sa smacht reachta i mBallstáit áirithe, lena n-áirítear neamhspleáchas breithiúnach lagaithe agus acmhainneacht ionchúisimh, an bonn a bhaint de chreataí comhair, iontaofacht sonraí agus sláine oibríochtúil na ngníomhaireachtaí; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na rioscaí sin agus aghaidh a thabhairt orthu;

11. á chur i bhfáth gur coimircí bunriachtanacha iad trédhearcacht, rialuithe láidre coinbhleachta leasa agus rialacha soiléire lena rialaítear idirghníomhaíochtaí le páirtithe leasmhara maidir le neamhspleáchas, inchreidteacht institiúideach agus cuntasacht ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais chomh maith le muinín an phobail as a bhfeidhmiú láidir agus daingean; á chur i bhfios go láidir go n-oibríonn go leor gníomhaireachtaí in earnálacha ina bhfuil gá le dlúthchomhar leis an tionscal, le comhairleachtaí, le saineolaithe teicniúla, le heagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) nó le comhpháirtithe seachtracha, ach ina bhfuil na rioscaí a bhaineann le

tionchar míchuí, comhairliúcháin neamhchothroma nó teimhneacht fós ann; á thabhairt chun suntais go bhfuil nósanna imeachta trédhearcacha, nochtadh poiblí cruinnithe, roghnú cothrom trédhearcach saineolaithe, agus scagadh leanúnach coinbhleachta leasa fíor-riachtanach chun a áirithiú go mbeidh cinntí na gníomhaireachta bunaithe ar fhianaise oibiachtúil amháin agus ar leas ginearálta an Aontais; ag tathant ar na gníomhaireachtaí uile bearta den sórt sin a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, á iarraidh go mbeadh coimircí trédhearcacha ann, lena n-áirítear tréimhsí marana soiléire agus leormhaithe, faireachán réamhghníomhach agus trédhearcacht idirghníomhaíochtaí na bpáirtithe leasmhara; á mholadh go ndéanfaí athbhreithnithe neamhspleácha rialta ar chreataí coinbhleachta leasa, agus prionsabal na comhréireachta á urramú, agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais an phiarfhoghlaim a chur chun cinn chun caighdeáin rialachais agus trédhearcachta a fheabhsú;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún trédhearcacht phróiseas meastóireachta na saineolaithe a neartú go suntasach agus machnamh a dhéanamh ar shásraí iomchuí atá dírithe ar chuntasacht saineolaithe a mhéadú, agus a neamhspleáchas á urramú go hiomlán ag an am céanna;

13. á aithint go bhfuil éagsúlacht ann maidir le neamhchosaint na ngníomhaireachtaí díláraithe ar rioscaí brústocaireachta ag brath ar a sainordú agus ar a gcomhthéacs oibríochtúil; ag tabhairt dá haire go bhfuil cleachtais trédhearcachta éagsúil ar fud na nGníomhaireachtaí; á thabhairt dá haire, mar shampla, go gcoinníonn eu-LISA clár trédhearcachta tiomnaithe ar a shuíomh gréasáin lena gcumhdaítear cruinnithe uile a lucht bainistíochta sinsearaí le hoibreoirí eacnamaíocha, go gcuireann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) clár ar fáil ar a shuíomh gréasáin ina bhfuil faisnéis maidir le cruinnithe atá nasctha go sonrach le hábhair a bhaineann le soláthar, go bhfoilsíonn ECHA faisnéis maidir leis na cruinnithe a bhíonn ag bainisteoirí sinsearacha le heagraíochtaí páirtithe leasmhara seachtracha; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, cé nach mbeadh samhail a oireann do chách comhréireach ná fóinteach ó thaobh oibríochta de, go bhfeabhsófaí comhleanúnachas agus cuntasacht dá mbunófaí íoschaighdeáin chomhchoiteanna; á thabhairt dá haire sna freagraí a chuir gníomhaireachtaí ar fáil sa timthriall urscaoilte roimhe seo, lena n-áirítear an úsáid éagsúil a bhain siad as an gClár Trédhearcachta agus go bhfuil roinnt gníomhaireachtaí tar éis cláir trédhearcachta inmheánacha nó córais coinbhleachta leasa atá saincheaptha dá sainorduithe a thabhairt isteach cheana féin; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí íoschaighdeáin a ghlacadh amhail cur chun feidhme phrionsabal na 4 shúil, straitéis shoiléir um chód iompair lena n-áirítear rialacha soiléire chun coinbhleacht leasa a sheachaint agus cur chun feidhme clár trédhearcachta inmheánach sonrach le caighdeáin shoiléire lena

léirítear sainordú faoi seach agus na rialacha cosanta sonraí is infheidhme; á thabhairt chun suntais gur cheart go mbeadh rochtain ag iniúchóirí ar chláir thrédhearcachta ar bhonn cás ar chás; á mheas gur cheart a gcur chun feidhme a bheith forásach agus leas a bhaint as féidearthachtaí digiteacha nua chun nach gcruthófar ualach riaracháin nach bhfuil gá leis agus/nó ualach riaracháin breise do ghníomhaireachtaí;

14. á thabhairt dá haire gur thuairiscigh na 33 ghníomhaireacht dhíláraithe in 2024 go raibh 11 491 ball foirne san iomlán fostaithe acu (i gcomparáid le 10 580 in 2023), ina bhfuil oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí ar conradh agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNInna), sin é méadú 8,61 % i gcomparáid le 2023; ag tabhairt dá haire, cé go bhfuil feabhas ag teacht ar chothromaíocht inscne i ngníomhaireachtaí díláraithe den Aontas, go bhfuil éagothromaíochtaí suntasacha fós ann; á thabhairt chun suntais go bhfuil céatadán níos airde d'fhoireann fireann ag roinnt gníomhaireachtaí, amhail ACER, EASA, EIGE, ERA, eu-LISA agus Europol, agus go bhfuil níos mó ball foirne baineann ag gníomhaireachtaí amhail CdT, EFSA, EMA, ETF, agus Eurojust; á thabhairt dá haire gur minic a bhíonn an céatadán earnáilsonrach; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí straitéisí ceartaitheacha a ghlacadh, lena n-áirítear nósanna imeachta trédhearcacha maidir le cur chun cinn agus forbairt spriocdhírithe ceannaireachta; á mheabhrú nach bhfuil gealltanas an Aontais maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn i bpoist bhainistíochta bainte amach go hiomlán go fóill; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart iarrachtaí an Choimisiúin i ndáil leis sin a fheabhsú; á mheabhrú go luaitear i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 (Rialacháin Foirne[3]) gur cheart an earcaíocht a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla, thrédhearcacha agus bunaithe ar fhiúntas agus gur cheart í a bheith bunaithe freisin ar an gcothromaíocht gheografach is leithne a roghnaítear ó na Ballstáit; á thabhairt dá haire go bhfuil claonadh nádúrtha ann céatadán níos airde foirne a fháil a thagann ón mBallstát ina bhfuil an Ghníomhaireacht lonnaithe; á mheabhrú go bhfuil dúshláin leanúnacha roimh na gníomhaireachtaí atá lonnaithe i dtíortha ina bhfuil comhéifeacht cheartúcháin réasúnta íseal maidir le foireann oilte agus éagsúil ó thaobh geografaíochta de a mhealladh; ag spreagadh gníomhaireachtaí chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn i straitéisí acmhainní daonna agus i bpainéil roghnúcháin bainistíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais dea-chleachtais agus uirlisí tagarmharcála a chur ar fáil chun tacú le ceannaireacht atá cothrom ó thaobh inscne de;

15. ag tabhairt dá haire go raibh ráta athraithe foirne níos mó ná 5 % in 2024 in 16 as 33 ghníomhaireacht (is iad sin Oifig BEREC, CdT, Cedefop, CEPOL, ECDC, EEA, an tÚdarás Eorpach Saothair, eu-LISA, EU-OSHA, Eurofound, Eurojust, Europol, FRA), agus gur sháraigh dhá cheann acu an ráta 10 % (is é sin EIT, ETF); ag moladh

na ngníomhaireachtaí a bhfuil bearta spriocdhírithe déanta acu chun rátaí arda athraithe foirne a chosc; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cead a thabhairt dóibh gníomhairí ar conradh a fhostú ar feadh tréimhsí níos faide nó cead a thabhairt do líon níos airde gníomhairí sealadacha leanúnachas agus caomhnú eolais níos fearr a ráthú; á mheas go bhfuil rioscaí ag baint le traochadh, athrú foirne agus fostaíocht fhorbhásach do shláine institiúideach, do rialuithe inmheánacha agus do bhainistíocht fhónta airgeadais; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil Boird Bhainistíochta freagrach as sláine agus cuntasacht na ngníomhaireachtaí, á chur in iúl gur oth léi gníomhaíocht neamhleor maidir le torthaí tromchúiseacha, agus á iarraidh go mbeadh trédhearcacht fheabhsaithe ann *vis-à-vis* an t-údarás um urscaoileadh;

16. á chur in iúl gur geal léi gur ghlac agus gur chuir formhór na ngníomhaireachtaí an Chairt um Éagsúlacht agus Cuimsiú[2] chun feidhme in 2024, lena gcuirtear cóir chomhionann, éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn san ionad oibre agus sa saol sóisialta; ag moladh go láidir do na Gníomhaireachtaí sin nár tháinig isteach go fóill machnamh a dhéanamh ar dhul ar aghaidh leis an nglacadh agus leis an gcur chun feidhme gan mhoill;

17. á thabhairt chun suntais, chun sásra gearán éifeachtach a bhunú do bhaill foirne i ngníomhaireachtaí díláraithe an Aontais, gur gá ráthaíochtaí láidre rúndachta, lena n-áirítear bealaí tuairiscithe anaithnide, a chomhcheangal le nósanna imeachta soiléire comhchuibhithe atá ailínithe leis na Rialacháin Foirne agus a chuirtear in iúl trí oiliúint rialta foirne; á mheas gur cheart do ghníomhaireachtaí oifigigh eitice nó ghearáin atá neamhspleách agus oilte go gairmiúil a cheapadh, nó struchtúir idirghníomhaireachta chomhroinnte a úsáid do ghníomhaireachtaí beaga, chun a áirithiú go láimhseálfar go neamhchlaonta faoi Airteagal 90 de na Rialacháin Foirne iarrataí, tuarascálacha ciaptha, coinbhleachtaí leasa, agus nochtaí sceithireachta; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí a áirithiú go mbeidh rochtain ag an bhfoireann ar chainéal seachtrach géaraithe agus cosaint láidir i gcoinne frithbhirt trí sheiceálacha leantacha córasacha, agus gur cheart trédhearcacht a fheabhsú trí thuairisciú bliantúil anaithnidithe ar ghearáin agus ar thorthaí, agus neamhchlaontacht a fheabhsú trí phainéil imscrúdaithe idirghníomhaireachta a úsáid le haghaidh cásanna íogaire; á iarraidh go ndéanfaí sásraí cosanta a chur chun feidhme in aghaidh cúiseamh agus séanadh bréagach;

18. á thabhairt dá haire go bhfuil ról tábhachtach ag Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais agus go háirithe ag a Choiste Comhairleach TFC maidir le tacú le hullmhacht na ngníomhaireachtaí chun an Rialachán maidir leis an

---

2 https://agencies-network.europa.eu/document/download/04667fb8-be05-4818-9f62-0cb99f0c5538_en?filename=EUAN%20WG%25

gCibearshlándáil a chur chun feidhme trí chomhordú, comhroinnt eolais agus comhar feabhsaithe le AS na Seirbhísí Digiteacha, CERT-EU agus leis an gCoiste Idirinstitiúideach um Chlaochlú Digiteach; á iarraidh ar Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais agus ar Choiste Comhairleach TFC faisnéis chuimsitheach agus rialta a chur ar fáil maidir le staid an chur chun feidhme ar fud na ngníomhaireachtaí díláraithe uile, lena n-áirítear dúshláin choiteanna, rioscaí sainaitheanta, riachtanais acmhainní, agus bearta maolaithe atá beartaithe, chun formhaoirseacht éifeachtach a chumasú; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cibearshlándáil láidir agus úsáid chúramach intleachta saorga, agus aird á tabhairt ar dheiseanna ach freisin ar rioscaí airgeadais agus oibríochtúla; á iarraidh ar ghníomhaireachtaí measúnú a dhéanamh ar phróisis a fhaigheann tacaíocht ó intleacht shaorga i bhfeidhmeanna airgeadais, soláthair nó cinnteoireachta, agus trédhearcacht, doiciméadacht, in-iniúchtacht, agus comhlíonadh iomlán rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí agus cibearshlándáil a áirithiú;

19. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) soiléire, láidre agus fóinteacha a fhorbairt sna Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí (TBGanna) de ghníomhaireachtaí an Aontais, ós rud é gur príomhfhoinse faisnéise d’úsáideoirí seachtracha iad na tuarascálacha sin; á thabhairt dá haire gur minic nach mbíonn leanúnachas, caighdeánú, doimhneacht oibríochtúil, modheolaíocht dhoiciméadaithe i roinnt córas príomhtháscairí feidhmíochta chun príomhtháscairí feidhmíochta a roghnú, a nuashonrú agus a chur ar scor, trédhearcacht, inchomparáideacht agus rianú ilbhliantúil, rud a laghdaíonn inchomparáideacht agus cumas na n-úsáideoirí seachtracha measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar fheidhmíocht; á chur i bhfios go láidir gur cheart PTFanna a chuíchóiriú agus a dhearadh go maith, gur cheart iad a bheith bunaithe ar na prionsabail atá sonrach, intomhaiste, indéanta, réalaíoch agus faoi cheangal ama (SMART), agus gur cheart iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na dtimthriallta tuairiscithe, rud atá bunriachtanach chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht, éifeachtacht agus dul chun cinn i dtreo cuspóirí straitéiseacha; á chur i bhfáth gur gá feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as tuairisciú atá dírithe ar thorthaí agus ar thionchar trí dhíriú ar ábharthacht agus ar chomhréireacht, chun an t-ualach riaracháin a laghdú; á chur i bhfios go láidir nach mór táscairí feidhmíochta a dhíorthú go sainráite ó chuspóirí shainordú bunaidh gach gníomhaireachta agus aschuir, torthaí agus, thar aon ní eile, tionchair a ghabháil; á iarraidh ar ghníomhaireachtaí anailís costais is tairbhe agus buiséadú trédhearcach a áireamh ina gcreataí feidhmíochta;

20. á aithint go bhfuil comhar le comhpháirtithe seachtracha amhail an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta agus Líonra Pleanála Straitéisí na Náisiún Aontaithe maidir le modheolaíochtaí PTF a nuachóiriú; á thabhairt chun suntais go bhfuil táscairí níos

láidre agus níos ábhartha ó thaobh oibríochta de forbartha ag roinnt gníomhaireachtaí, amhail ACER, GSEE agus ECDC; á iarraidh ar ghníomhaireachtaí a bhfuil córais PTF neamhleora nó dothomhaiste acu tarraingt ar na samhlacha níos láidre sin agus dea-chleachtais a chomhroinnt go córasach trí Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais, chun inchomparáideacht a fheabhsú, chun feabhas a chur ar úsáideacht TBGanna d'úsáideoirí seachtracha, agus chun measúnú feidhmíochta foriomlán a neartú ar fud na ngníomhaireachtaí; á iarraidh ar an gCoimisiún a cheangal go ndéanfaidh gach meastóireacht gníomhaireachta faoi phointe 60 den Chur Chuige Coiteann measúnú córasach ar thionchar gach gníomhaireachta ar a réimse beartais, agus go ndéanfar cláir nó gníomhaíochtaí nár léirigh éifeachtacht laistigh de thréimhse ama réasúnta a fhoirceannadh, agus cistí á n-ath-leithdháileadh ar bhearta níos éifeachtaí;

21. ag tarraingt aird ar imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) a dhéanann difear do roinnt gníomhaireachtaí: ENISA (dhá chás 2024, ceann amháin atá ar siúl faoi láthair, ceann amháin arna dhíbhe, agus cás earcaíochta 2025), eu-LISA (imscrúduithe maidir le coinbhleachta leasa agus soláthair), EIT (trí chás a bhaineann le PEN a tugadh i gcrích agus aisghabhálacha luach EUR 15-20 milliún mar thoradh orthu), Frontex (dhá chás atá ar siúl agus ocht gcás a tugadh i gcrích in 2023-2024), agus imscrúduithe leanúnacha ag ACER agus EEA; ag tathant ar ghníomhaireachtaí uile an Aontais comhar iomlán le OLAF a áirithiú, rialuithe inmheánacha, coimircí earcaíochta agus soláthair a neartú, agus tuilleadh faisnéise a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh a luaithe a chuirfear deireadh le srianta rúndachta;

22. á mheabhrú gur leathnaíodh sainordú Frontex go suntasach in 2019, nuair a leathnaigh rialachán athbhreithnithe a chúraimí agus nuair a d'údaraigh sé buanchór de 10 000 garda teorann le méadú comhfhreagrach ar an mbuiséad; á chur i bhfios go láidir nach mór na méaduithe buiséid, gan beann ar an nGníomhaireacht lena mbaineann, a mheaitseáil i gcónaí le forálacha leormhaithe cuntasachta agus trédhearcachta;

23. á thabhairt dá haire go bhfuil riosca airgeadais fós ann do ghníomhaireachtaí an Aontais mar gheall ar easpa clásal um rogha gan bheith páirteach (foirceanta léasa) lena gceadaítear foirceannadh luath conarthaí léasa; á mheabhrú gur leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé clásail den sórt sin a áireamh i gcomhaontuithe cíosa mar gheall ar an staid dheacair a bhí os comhair na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA) tar éis Brexit, nach raibh in ann a léas fadtéarmach i Londain a fhoirceannadh agus a raibh uirthi cíos a íoc i Londain agus in Amstardam araon mar thoradh air sin; á aithint go bhfuil clásail foirceanta léasa tugtha isteach ag roinnt gníomhaireachtaí ó 2019 i leith, ach ag tabhairt dá haire nach ndearna na gníomhaireachtaí uile amhlaidh, lena n-áirítear cásanna inar síníodh léasanna nua nó athnuaite gan na forálacha sin; ag tathant ar ghníomhaireachtaí agus ar an gCoimisiún clásail

foirceanta léasa a thabhairt isteach go córasach agus conarthaí léasa á gcaibidliú nó á n-athnuachan acu, agus na ceachtanna a foghlaimíodh ón taithí a fuarthas roimhe seo á gcur san áireamh, chun neamhchosaint airgeadais a theorannú agus chun solúbthacht bhuiséadach níos fearr a áirithiú;

Bainistiú Buiséadach agus Airgeadais

24. á thabhairt dá haire go raibh an miondealú seo a leanas ar an ioncam deiridh iomlán do 2024 (tar éis buiséid leasaitheacha) agus ar na figiúirí comparáideacha do 2023 do 33 ghníomhaireacht den Aontas atá mar chuid den rún sin[3]:

Ainm	**Ioncam 2024**	**Ioncam 2023**	**Δ**
ACER	EUR 34 689 993,00	EUR 29 582 967,00	17,26 %
Oifig BEREC	EUR 7 932 805,00	EUR 7 697 264,87	3,06 %
CDT[4]	EUR 45 346 300,00	EUR 47 140 900,00	-3,81 %
CEDEFOP	EUR 21 422 022,00	EUR 20 140 610,00	6,36 %
CEPOL	EUR 12 589 437,00	EUR 14 211 723,00	-11,42 %
GSEE[5]	EUR 183 306 903,00	EUR 169 665 375,00	8,04 %
ÚBE	EUR 56 906 201,00	EUR 52 672 001,66	8,04 %
ECDC	EUR 111 257 449,00	EUR 102 526 724,00	8,52 %
ECHA	EUR 128 712 666,00	EUR 123 280 140,00	4,41 %

[3] Sonraí de réir na ráiteas ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana airgeadais 2024 mar a foilsíodh iad ar IO le haghaidh gach gníomhaireachta aonair.

[4] Barrachas arna thabhairt anonn ón mbliain airgeadais roimhe seo a asbhaineadh.

[5] Ceartuithe buiséadacha a chomhfhreagraíonn don bharrachas carntha a asbhaineadh.

LEE[6]	EUR 101 655 603,00	EUR 76 114 130,00	33,56 %
EFCA	EUR 30 793 032,00	EUR 30 862 554,00	-0,23 %
EFSA	EUR 154 939 697,00	EUR 148 954 729,00	4,02 %
EIGE	EUR 9 432 057,00	EUR 9 358 919,46	0,78 %
ÚEÁPC	EUR 37 561 192,00	EUR 36 714 492,00	2,31 %
EIT	EUR 463 576 047,00	EUR 367 607 241,00	26,11 %
An tÚdarás Eorpach Saothair	EUR 48 693 555,00	EUR 39 973 330,00	21,82 %
EMA	EUR 491 862 000,00	EUR 448 603 000,00	9,64 %
EMSA	EUR 121 648 764,00	EUR 111 954 231,00	8,66 %
ENISA[7]	EUR 42 219 801,00	EUR 25 183 495,00	67,65 %
ERA	EUR 41 936 376,00	EUR 38 532 447,00	8,83 %
GSE	EUR 270 000,00	EUR 258 160,00	4,59 %
ÚEUM	EUR 76 055 579,00	EUR 72.509 657,00	4,89 %

6 Is é EUR 67.8 milliún an ranníocaíocht iomlán ón Aontas agus ó thríú tíortha. Is é EUR 33.8 milliún méid iomlán na ranníocaíochta deontais agus na gcomhaontuithe ar leibhéal seirbhíse.

7 Le linn 2024, d’oibrigh ENISA le buiséad EUR 26.2 milliún i gcomparáid le buiséad 2023 de EUR 25.2 milliún. Ag deireadh mhí na Nollag 2023, síníodh comhaontú ranníocaíochta idir Connect agus ENISA, lenar deonaíodh EUR 20 milliún san iomlán chun cibirthacaíocht agus gníomhaíochtaí lárionaid staide a chur chun feidhme le linn 2024-2026. Fuarthas an chéad tráthchuid dar luach EUR 16 mhilliún i mí Feabhra 2024 chun na gníomhaíochtaí comhaontaithe a chur chun feidhme.

ETF	EUR 28 330 702,00	EUR 28 542 956,00	-0,74 %
EUAA	EUR 181 443 839,00	EUR 170 135 127,00	6,65 %
EUDA (EMCDDA)	EUR 32 723 728,00	EUR 22 082 074,00	48,19 %
EU-LISA	EUR 273 679 741,00	EUR 300 524 142,00	-8,93 %
EU-OSHA	EUR 17 618 795,00	EUR 17 038 950,00	3,40 %
EUROFOUND	EUR 24 965 993,00	EUR 25 369 931,00	-1,59 %
EUROJUST	EUR 65 355 970,00	EUR 59 324 460,00	10,17 %
EUROPOL	EUR 225 228 057,00	EUR 212 925 809,00	5,78 %
EUSPA	EUR 85 410 390,00	EUR 76 922 866,00	11,03 %
FRA	EUR 28 052 521,00	EUR 26 191 030,72	7,11 %
FRONTEX	EUR 922 074 136,00	EUR 829 352 752,00	11,18 %
IOMLÁN	**EUR 4 112 799 136,00**	**EUR 3 741 954 188,71**	**9,91 %**

25. ag tabhairt dá haire gur mhéadaigh buiséad 33 ghníomhaireacht den Aontas ó EUR 3,6 billiún in 2023 go 4,1 billiún in 2024; á iarraidh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar chostais charnacha 5 bliana, agus idirdhealú á dhéanamh idir fás atá dírithe ar shainordú agus leathnú riaracháin, agus údar a thabhairt le méaduithe breise a bhfuil breisluach inléirithe ag baint leo; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór rialachas níos láidre, rialuithe inmheánacha, pleanáil foirne agus ionsúcháin a mheaitseáil le fás an bhuiséid chun neamhrialtachtaí, tabhairt anonn agus caiteachas neamhéifeachtach a sheachaint; á chur i bhfáth nach mór spriocanna feidhmíochta intomhaiste agus tuairisciú rialta ar na torthaí nithiúla a baineadh amach a bheith ag gabháil le haon acmhainní breise do ghníomhaireachtaí, ionas gur féidir leis an údarás um urscaoileadh luach ar airgead a mheas; á áitiú, sula bhformheasfar cistiú breise,

nach mór do ghníomhaireachtaí a léiriú ar dtús go bhfuil na hacmhainní atá ann cheana á n-úsáid go héifeachtúil;

26. ag tabhairt dá haire go bhfuil Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus gníomhaireachtaí eile den Aontas ag cabhrú le tacú le hinstitiúidí an Aontais i réimse chur chun feidhme dhlí an Aontais a bhaineann le cearta bunúsacha; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an údarás buiséadach acmhainní leormhaithe agus intuartha a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí uile an Aontais;

27. á thabhairt chun suntais go raibh an méadú ar an ioncam ó 2023 go 2024 suntasach i roinnt gníomhaireachtaí, lena n-áirítear EEA, EIT, An tÚdarás Eorpach Saothair, ENISA agus EUDA le méaduithe buiséid os cionn 21 %;

28. ag tabhairt dá haire go léirítear le méadú bhuiséad 2024 EEA leathnú a shainorduithe reachtacha agus a fhreagrachtaí oibríochtúla, a eascraíonn as cur chun feidhme bheartais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, amhail an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra (a glacadh go déanach in 2024), athmhúnlú ar an Rialachán Eorpach maidir le Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (PRTR Eorpach), Deimhniú an Aontais i ndáil le hAistrithe Carbóin agus le Bainistíocht Feirmeoireachta Carbóin (CRCF), agus gur tacaíodh le tionscnamh chun faireachán leathnaithe a dhéanamh ar astaíochtaí ó fheithiclí tromshaothair (HDVanna) trí fhoireann a earcú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur chuir an ghníomhaireacht cúraimí chun feidhme freisin faoin Rialachán athbhreithnithe maidir le Talamhúsáid, Athrú ar Thalamhúsáid agus Foraoiseacht (2023); á chur in iúl gur eol di freisin gur leathnaigh Comhaontuithe ar Leibhéal Seirbhíse Nua (SLAnna) le AS MARE, AS SANTE, agus AS RTD ról na Gníomhaireachta maidir le hathchóiriú aigéin/uisce, bagairtí sláinte, agus comhtháthú sonraí comhshaoil, ag soláthar sonraí agus anailíse chun bonn eolais a chur faoi bheartas comhshaoil an Aontais;

29. á thabhairt faoi deara go mínítear an méadú ar bhuiséad EIT le roinnt tosca lena n-áirítear leithreasuithe níos airde Fís Eorpach (+ 10,25 %), EUR 24,6 milliún i gcistiú nua do thionscnamh na nInstitiúidí Ardoideachais (HEI) agus EUR 16,7 milliún ó chomhaontuithe ranníocaíochta nua le hArd-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin;

30. á thabhairt dá haire go mínítear méadú buiséid Údaráis Eorpaigh Saothair in 2024 go príomha le haistriú na gníomhaireachta i dtreo acmhainneacht oibríochtúil iomlán, lena n-éilítear atreisiú suntasach ar acmhainní daonna agus ar chumais oibríochtúla; á thabhairt chun suntais go n-áirítear ann coigeartuithe foirne (EUR 9,5 milliún, 44 %), amhail 15 SNI a thiontú ina Gníomhairí Sealadacha agus coigeartuithe tuarastail, agus méaduithe oibríochtúla ina dhiaidh sin

(EUR 7 milliún, 33 %) le haghaidh uasghráduithe agus gníomhaíochtaí cigireachta na Tairsí Eorpaí um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile, agus costais a bhaineann le boilsciú (EUR 1,2 milliún, 15 %) le haghaidh TFC/cibearshlándáil agus brúnna boilscitheacha;

31. ag tabhairt dá haire gurb é is cúis leis an méadú ar bhuiséad ENISA an chéad tráthchuid EUR 16 mhilliún a fuarthas i mí Feabhra 2024 ó chomhaontú ranníocaíochta a síníodh go déanach i mí na Nollag 2023 idir AS CONNECT agus ENISA, lena ndeonaítear EUR 20 milliún san iomlán chun cibirthacaíocht agus gníomhaíochtaí lárionaid staide a chur chun feidhme le linn 2024-2026; á chur in iúl gur eol di gur oibrigh an Ghníomhaireacht le buiséad EUR 26.2 milliún le haghaidh 2024, i gcomparáid le buiséad 2023 de EUR 25.2 milliún;

32. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil ENISA i staid chriticiúil mar gheall ar chastacht mhéadaitheach riachtanais chibearshlándála an Aontais, an géarú leanúnach ar chibearbhagairtí agus an easpa cistiúcháin chomhréirigh agus foirne leormhaithe; ag teacht leis na conclúidí ón gComhairle maidir le ENISA ó mhí na Nollag 2024 ina leagtar béim ar ról lárnach ENISA in éiceachóras cibearshlándála an Aontais agus ar an ngá atá le cistiú agus acmhainní a ailíniú lena shainordú leathnaithe; á chur i bhfáth nach mór spriocanna feidhmíochta intomhaiste agus tuairisciú rialta ar na torthaí nithiúla a bhaintear amach a bheith ag gabháil le hacmhainní breise;

33. ag tabhairt dá haire, maidir le EUDA, gurb é teacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1322 is cúis leis an méadú den chuid is mó, lena bhforáiltear d’athbhreithniú spriocdhírithe ar shainordú na Gníomhaireachta chun ról níos tábhachtaí a bheith aici maidir leis na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a bhaineann le drugaí aindleathacha san Aontas a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu; ag tabhairt dá haire gurb é a bheidh i gceist leis sin sainordú na Gníomhaireachta atá ann faoi láthair a dhoimhniú, cúraimí nua a dhéanamh agus na hacmhainní a leithdháiltear don chur chun feidhme is gá a mhéadú ó 2024 ar aghaidh;

34. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú ag teacht de réir a chéile ar shainordú Europol, lena n-áirítear bearta a glacadh agus a moladh le déanaí lena dtugtar acmhainneachtaí feabhsaithe chun an choireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac, amhail smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhaoine, cibearchoireacht agus sceimhlitheoireacht; á mheabhrú go gcuimsíonn na forbairtí sin, *inter alia*, comhar neartaithe le gníomhaithe príobháideacha trí mhalartuithe díreacha sonraí, cumais threisithe anailíse sonraí ar mhórscála, agus cúnamh oibríochtúil uasghrádaithe do na Ballstáit trí fhoirne speisialaithe tacaíochta; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le méadú comhfhreagrach ar acmhainní daonna Europol

chun na cúraimí breise sin a chur chun feidhme go héifeachtach, ach freisin le coimircí inmheánacha láidre, cumas leordhóthanach comhlíonta agus sásraí maoirseachta neartaithe; ag tabhairt faoi deara gur tháinig méadú 5,78 % ar bhuiséad Europol in 2024 i gcomparáid le 2023; ag tathant, dá bhrí sin, go ndéanfaí buiséad Europol a threisiú tuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais leanúnacha foirne agus chun a áirithiú go mbeidh a acmhainní airgeadais i gcomhréir lena fhreagrachtaí méadaitheacha; á chur i bhfáth go bhfuil ról lárnach ag Europol maidir le smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhaoine, coireacht trasteorann agus sceimhlitheoireacht a chomhrac; á chur i bhfios go láidir gur cheart do Frontex díriú ar chroí-oibríochtaí; agus á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí leanúnacha Frontex a Oifigeach um Chearta Bunúsacha a neartú;

35. á iarraidh go méadófaí leibhéil foirne Eurojust i bhfianaise a shainordaithe fheabhsaithe atá beartaithe chun tríú tíortha, a áireamh go háirithe tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine 2022, lena gcuirtear ar a chumas fianaise ar chroíchoireanna idirnáisiúnta (coireanna cogaidh, cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna) a bhailiú, a stóráil agus a anailísiú, an fhianaise sin a roinnt le húdaráis náisiúnta agus le comhlachtaí idirnáisiúnta lena n-áirítear an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, agus Bunachar Sonraí Fianaise tiomnaithe i leith na gCoireanna Idirnáisiúnta is tromchúisí a chruthú chun na críche sin, agus ar an gcaoi sin dul níos faide ná tacú le himscrúduithe chun fianaise bhunriachtanach a chosaint go gníomhach le haghaidh imscrúdú amach anseo, agus é á thabhairt dá haire ag an am céanna nár léiríodh i mbuiséad 2024 ach méadú measartha céatadáin i gcomparáid le buiséad 2023, agus ag tathant go mbaileofaí cistiú pearsanra dá réir sin mar aon leis an mbuiséad foriomlán i bhfianaise an tsainordaithe a bhfuiltear ag dréim leis amach anseo;

36. á mheabhrú go bhfaigheann formhór ghníomhaireachtaí an Aontais a gcistiú go hiomlán ó ranníocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire, áfach, go ndéantar roinnt gníomhaireachtaí a mhaoiniú go hiomlán nó i bpáirt trí fhoinsí malartacha ioncaim, lena n-áirítear eisiúint deimhnithe, údaruithe, clárú substaintí, ranníocaíochtaí, bailiú sonraí, faireachas margaidh, maoirseacht, agus seirbhísí eile amhail aistriúchán agus téarmaíocht arna soláthar ag Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CdT);

37. á aithint, go sonrach, an méid seo a leanas:

– i measc na ngníomhaireachtaí atá féinmhaoinithe i bpáirt tá an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (GSEE), an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA), Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA);

– i measc na ngníomhaireachtaí atá féinmhaoinithe go hiomlán, tá CdT;

– i measc na ngníomhaireachtaí atá cómhaoinithe i bpáirt ag údaráis phoiblí náisiúnta tá an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC), agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA);

38. ag tabhairt dá haire go raibh an miondealú seo a leanas ar fhoinse airgeadais na ngníomhaireachtaí féinmhaoinithe atá mar chuid den rún seo do 2024:

	Ioncam 2024	**Ranníocaíocht an Aontais**	**%**	**Ioncam féin** [8]	**%**	**Eile**
ACER	EUR 34 679 976	EUR 23 012 293	66 %	EUR 11 667 683	34 %	EUR 0
CDT	EUR 45 346 300	EUR 0	0 %	EUR 44 411 200	98 %	EUR 935 100
GSEE	EUR 183 306 903,00	EUR 44 984 486	25 %	EUR 135 687 417	74 %	EUR 2 635 000
ÚBE [9]	EUR 56 906 201	EUR 20 857 871	37 %	EUR 34 062 640	60 %	EUR 1 985 690
ECHA	EUR 128 712 666	EUR 88 028 813	68 %	EUR 34 117 052	27 %	EUR 6 566 801
ÚEÁPC	EUR 37 561 192	EUR 13 886 130	37 %	EUR 23 035 010	61 %	EUR 640 052
EMA[10]	EUR 491 862 000	EUR 35 826 000	7 %	EUR 441 910 000	90 %	EUR 14 126 000
ERA	EUR 41 936 376	EUR 29 000 626	69 %	EUR 11 913 156	28 %	EUR 1 022 594

8 Tagraíonn ioncam dílis do tháillí a ghearrtar le deimhnithe, údaruithe, clárú substaintí, ranníocaíochtaí, bailiú sonraí, faireachas margaidh, maoirseacht agus seirbhísí eile.

9 Tagraíonn ioncam dílis do Ranníocaíocht ó Údaráis Mhaoirseachta Náisiúnta.

10 Tagraíonn ioncam dílis do Ranníocaíocht ó Údaráis Mhaoirseachta Náisiúnta.

ESMA[11]	EUR 76 055 579	EUR 19 938 075	26	EUR 54 015 802	71	EUR 2 101 702
IOMLÁN	EUR 1 096 367 193	EUR 275 534 294		EUR 790 819 960		EUR 30 012 939

39. á mheabhrú gur tugadh dá haire cheana féin i rún 2023 maidir le hurscaoileadh a thábhachtaí atá sé na húdaráis mhaoirseachta Eorpacha a neartú (ÚBE, ÚEÁPC, agus ESMA); á chur in iúl gur eol di nach sainordaítear lena rialacháin bhunaidh deighilt idir gníomhaíochtaí arna gcistiú ag ranníocaíochtaí an Aontais agus ranníocaíochtaí náisiúnta agus nach n-éilítear leis an sásra foriomlán comhroinnte costas difreáil ar leibhéal na ngníomhaíochtaí aonair, rud a fhágann nach ndéanann na húdaráis sin idirdhealú idir costais arna gcumhdach ag buiséad an Aontais agus costais arna gcistiú ag na Ballstáit mar a chuir an Chúirt i dtábhacht ina Tuarascáil Bhliantúil in 2023;

40. á mheas go rannchuideodh feabhas a chur ar thrédhearcacht sa bhuiséadú agus sa tuairisciú gníomhaíochtbhunaithe le maoirseacht agus cuntasacht fheabhsaithe, go háirithe do ghníomhaireachtaí a mhaoinítear le sruthanna ioncaim iolracha lena gceadaítear do pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear na Ballstáit, institiúidí airgeadais agus cáiníocóirí measúnú níos fearr a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar chothroime; á chur i bhfáth go neartaíonn soiléireacht maidir leis an nasc idir foinsí ioncaim agus gníomhaíochtaí muinín as úsáid fhónta chistí an Aontais, agus an creat dlíthiúil a leagtar amach i rialacháin bhunaidh na ngníomhaireachtaí á urramú ag an am céanna;

41. ag tabhairt dá haire an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena dtugtar isteach bearta atá beartaithe chun inbhuanaitheacht airgeadais na Gníomhaireachta a neartú, lena n-áirítear an fhéidearthacht cúlchiste teoranta a chruthú atá ceaptha chun luaineacht in ioncam ó tháillí a ionsú agus spleáchas ar leasuithe buiséadacha a dhéantar arís agus arís eile a laghdú; á chur i bhfáth, áfach, go bhfuil gá le coimircí láidre chun cúlchiste den sórt sin a chruthú, ós rud é go bhfuil rioscaí ag baint leis lena n-áirítear ró-aisghabháil struchtúrach táillí agus an fhéidearthacht cistí carntha a úsáid chun críocha seachas cobhsú gearrthéarmach; á mheas go bhfágann sé sin go bhfuil trédhearcacht na gcostas agus an naisc idir táillí agus gníomhaíochtaí bunriachtanach, lena n-áirítear trí thuairisciú gníomhaíochtbhunaithe lena ndéantar idirdhealú idir cúraimí arna gcistiú le táillí agus cúraimí arna gcistiú ag an Aontas; á mholadh go

---

11 Áirítear le hioncam dílis Ranníocaíocht ó Údaráis Mhaoirseachta Náisiúnta agus Táillí arna n-íoc leis an Údarás.

dtabharfaí aon iarmhéid cúlchiste os cionn na huasteorann ar ais do bhuiséad an Aontais, trí aisíocaíocht nó trí ranníocaíocht an Aontais don bhliain dár gcionn a laghdú, chun carnadh a sheachaint agus chun seasamh le croíphrionsabail bhuiséadacha;

42. á chur in iúl gur cúis imní di toradh eacnamaíoch diúltach CdT de EUR 5.7 milliún agus an laghdú leanúnach ar ioncam oibriúcháin, a bhaineann go príomha leis an laghdú 11.4 % ar leathanaigh shonraiscthe in 2024 agus 17.6 % in 2023; ag tabhairt dá haire gur shroich an cúlchiste le haghaidh chobhsaíocht na praghsála, a cruthaíodh in 2011 chun luaineachtaí sa mhéid gnó ó chliaint a fhritháireamh agus chun cabhrú le CdT cobhsaíocht bhuiséadach agus praghsanna a áirithiú buaicphointe EUR 15.6 milliún in 2014 agus gur thit sé go EUR 8.9 milliún in 2024 (laghdú 42.9 % ó 2014); á chur in iúl gur eol di, a luaithe a bheidh an cúlchiste ídithe go hiomlán, go mbeadh gá le haon easnaimh bhreise a chumhdach le fóirdheontais bhuiséad an Aontais, dá bhforáiltear i rialachán bunaidh CdT; ag cur sonrú i bhfreagra leantach CdT ar urscaoileadh 2023 agus á iarraidh ar an mBord Bainistíochta leanúint de thuairisciú a dhéanamh don údarás um urscaoileadh ar éabhlóid na bpleananna sin, i bhfianaise an laghdaithe leanúnaigh ar ioncam; ag spreagadh CdT chun seirbhísí nua a d’fhéadfaidís a chur ar fáil agus foinsí nua ioncaim a shainaithint, i bhfianaise leitheadúlacht na dteicneolaíochtaí nua saor in aisce a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do líon na n-iarrataí ar aistriúchán;

43. á áitiú, cé nach leagtar síos leis an Rialachán Airgeadais uasteorainneacha le haghaidh tabhairt anonn, go mbaineann leibhéil athfhillteacha agus iomarcacha tabhairt anonn an bonn de phrionsabal buiséadach na bliantúlachta agus go bhféadfaidís a bheith ina léiriú ar shaincheisteanna struchtúracha i bpróiseas an bhuiséid agus sa timthriall cur chun feidhme;

44. ag tabhairt dá haire, in 2024, go raibh leibhéil tabhartha anonn os cionn 15 % ag 11 ghníomhaireacht (ACER, ECDC, EFCA, EEA, EFCA, EIGE, ENISA, EU-OSHA, Eurofound, EUSPA, FRA agus Frontex) ar fud teidil bhuiséid chomhcheangailte, le patrúin athfhillteacha; ag tabhairt dá haire, i gcás Frontex agus GSE, gur shroich na méideanna arna dtabhairt anonn níos mó ná 40 % agus 30 % faoi seach; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí feabhas a chur ar phleanáil ilbhliantúil, ar sceidealú soláthair agus ar réamhaisnéis gealltanas chun tacú le cur chun feidhme níos fearr leithreasuithe laistigh den bhliain airgeadais a bhfuil siad údaraithe ina leith; á iarraidh ar an gCoimisiún a cheangal ar ghníomhaireachtaí a bhfuil tabhairt anonn athfhillteach acu pleananna gníomhaíochta ceartaithí a thíolacadh; á mheabhrú gur chuir an Chúirt i dtábhacht, ina tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, go mbaineann rátaí arda tabhairt anonn arís agus arís eile an bonn de phrionsabal buiséadach na bliantúlachta;

45. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhféadfadh údar a bheith le tabhairt anonn, i gcásanna áirithe, mar gheall ar chineál ilbhliantúil na n-oibríochtaí nó mar gheall ar thosca nach bhfuil neart ag na gníomhaireachtaí lena mbaineann orthu; ag cur sonrú sa ráiteas ón gCúirt le linn na héisteachta a tionóladh an 1 Nollaig 2025 go bhféachfaidh sí, faoina cur chuige nua iniúchóireachta, le forléargas foriomlán níos soiléire a thabhairt ar chineál na dtabhairt anonn i dtuarascálacha amach anseo, agus ag an am céanna ag aithint shoiléiriú na Cúirte nach bhfuil miondealú difreáilte de réir gníomhaireachta ar chúiseanna na dtabhairt anonn indéanta mar gheall ar shrianta modheolaíochta agus acmhainní; á chur in iúl gur geal léi ullmhacht na Cúirte chun aird a tharraingt ar phatrúin athfhillteacha agus ar thosca sistéamacha a chuireann le tabhairt anonn iomarcach; á chur i bhfáth, mar sin féin, go bhféadfadh leibhéil leanúnacha arda agus athfhillteacha de thabhairt anonn a léiriú go bhfuil dúshláin struchtúracha bhunúsacha ann maidir le pleanáil, cur chun feidhme nó leithdháileadh acmhainní; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí feabhas a chur ar a réamhaisnéis bhuiséadach agus ar a sceidealú tionscadal chun tabhairt anonn neamhphleanáilte a íoslaghdú agus chun a áirithiú go n-úsáidfear leithreasuithe go héifeachtúil laistigh den bhliain airgeadais;

46. á mheabhrú go sainordaítear leis an gcreat rialála go ndéanfaidh gníomhaireachtaí íocaíochtaí laistigh de sprioc-amanna sonracha; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh costais bhreise amhail ús ar íocaíochtaí déanacha a bheith mar thoradh ar aon mhainneachtain na spriocdhátaí sin a chomhlíonadh; ag tabhairt faoi deara, le haghaidh 2024, go dtuairiscíonn an Chúirt go ndearnadh níos mó ná 5 % de na híocaíochtaí i gcás 11 ghníomhaireacht (ACER, Cedefop, CEPOL, EEA, ELA, ENISA, ETF, EUDA, Eurojust, FRA agus Frontex) tar éis an sprioc-ama is infheidhme; á chur in iúl gur cúis imní di an méadú ar íocaíochtaí déanacha ó 2022 i leith, is é sin ardú i gcomparáid le 2023 (naoi ngníomhaireacht) agus 2022 (cúig ghníomhaireacht);

Moltaí

47. á áitiú gur gá a áirithiú go gcloífear le teorainneacha ama dlíthiúla d'íocaíochtaí agus ag tabhairt dá haire go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag ardmhinicíocht na n-íocaíochtaí moillithe ar chlú na ngníomhaireachtaí; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí lena mbaineann bearta a dhéanamh chun moilleanna íocaíochta agus ús ar íocaíochtaí déanacha amach anseo a sheachaint agus chun socrú tráthúil oibleagáidí a áirithiú; á mheabhrú gur oibleagáid dhlíthiúil agus gné lárnach den bhainistíocht airgeadais é sprioc-amanna íocaíochta a chomhlíonadh faoin Rialachán Airgeadais; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí bearta ceartaitheacha a chur chun feidhme i gcás ina leanann íocaíochtaí déanacha ar aghaidh thar roinnt blianta lena n-áirithítear urraim chórasach do spriocdhátaí reachtúla;

48. á iarraidh ar na húdaráis mhaoirseachta Eorpacha (ÚBE, ÚEÁPC,

agus ESMA) trédhearcacht a neartú ina ngníomhaíochtaí arna maoiniú ag sruthanna ioncaim éagsúla chun maoirseacht chuntasaíochta a fheabhsú mar a mhol CIE i ndáil le bainistiú ioncaim agus struchtúir mhaoiniúcháin;

Na príomhrioscaí a shainaithin an Chúirt agus Forléargas ar thorthaí an iniúchta

49. ag tabhairt dá haire gur chinn an Chúirt ina tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024 ('tuarascáil na Cúirte'), go raibh torthaí comhchosúla ag iniúchadh na Cúirte agus a bhí sna blianta roimhe sin, agus gur tugadh faoi deara gurb iad laigí i nósanna imeachta soláthair phoiblí príomhfhoinse na n-íocaíochtaí neamhrialta; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí lena mbaineann a rialuithe ex ante a threisiú, doiciméadacht na gcritéar dámhachtana a fheabhsú agus údar dian a áirithiú le nósanna imeachta idirbheartaithe gan foilsiú; á iarraidh ar an gCoimisiún treoir agus oiliúint spriocdhírithe a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí a bhfuil easnaimh soláthair athfhillteacha acu; á iarraidh, thairis sin, ar na gníomhaireachtaí inrianaitheacht iomlán, nósanna imeachta iomaíocha, agus coimeád cuí taifead a áirithiú i ngach oibríocht soláthair agus á iarraidh ar sheirbhísí iniúchóireachta inmheánaí na ngníomhaireachtaí tosaíocht a thabhairt d'athbhreithnithe soláthair;

50. ag tabhairt dá haire ó thuarascáil na Cúirte go bhfuil an riosca foriomlán d'iontaofacht chuntais na ngníomhaireachtaí fós íseal den chuid is mó, agus go bhfuil an riosca a bhaineann le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim laistigh de chuntais na ngníomhaireachtaí íseal freisin i gcás fhormhór na ngníomhaireachtaí; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go meastar gur riosca meánach é an riosca sin do ghníomhaireachtaí atá féinmhaoinithe i bpáirt mar gheall ar na rialacháin shonracha lena rialaítear bailiú táillí agus ranníocaíochtaí ioncaim eile, staid a tugadh faoi deara freisin sna blianta roimhe sin;

51. ag tabhairt le fios go measann an Chúirt go bhfuil an riosca do dhlíthiúlacht agus do rialtacht na n-íocaíochtaí is bonn le cuntais na ngníomhaireachtaí ar mheánriosca ar an iomlán, ag athrú ó íseal go hard do theidil shonracha buiséid; ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt go bhfuil an riosca do Theideal I (Caiteachas Foirne) íseal go ginearálta, do Theideal II (Caiteachas Riaracháin) a bheith ar mheánriosca, agus do Theideal III (Caiteachas Oibríochtúil) a bheith idir íseal agus ard, ag brath ar an ngníomhaireacht atá i gceist agus ar chineál a caiteachais oibriúcháin; á chur i bhfios go measann an Chúirt go bhfuil an riosca maidir le Teideal III cosúil leis an riosca do Theideal II, ach ós rud é go bhfuil méideanna i bhfad níos airde i gceist faoi Theideal III, meastar go bhfuil an tionchar níos airde;

52. ag tabhairt dá haire, mar a tharla sna blianta roimhe seo, go measann an Chúirt go bhfuil an riosca do bhainistíocht fhónta

airgeadais ar mheánriosca agus go mbaineann sé go príomha le nósanna imeachta soláthair phoiblí;

53. ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt go bhfuil an riosca do bhainistiú buiséid íseal, agus go léirítear in iniúchadh na Cúirte go bhfuil laigí ann a bhaineann go príomha le tabhairt anonn leithreasuithe neamhdhifreáilte agus le híocaíochtaí déanacha; á thabhairt chun suntais go mbaineann laigí i gcórais bhainistíochta agus rialaithe le saincheisteanna amhail easpa seiceálacha leormhaithe *ex-post/ex-ante*, soláthairtí oibríochtúla a seoladh gan cinntí cuí maoinithe, caiteachas a cuireadh chun feidhme gan tarmligean cuí cumhachta ag oifigeach údarúcháin, laigí i mbainistiú deontas agus moilleanna i meastóireacht gníomhaireachta ag an gCoimisiún; á chur i bhfáth go mbaineann na laigí sin atá liostaithe ag an gCúirt an bonn ó bhainistíocht fhónta airgeadais agus go nochtar gníomhaireachtaí do rioscaí airgeadais agus clú; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí lena mbaineann comhlíonadh iomlán an Rialacháin Airgeadais a áirithiú agus na bearta ceartaitheacha is gá a dhéanamh, agus á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme;

54. ag tabhairt dá haire gur thug an Chúirt 72 bharúil san iomlán in 2024, ag tagairt do shaincheisteanna éagsúla i réimsí an tsoláthair (34 bharúil), na gcóras bainistíochta agus rialaithe (11 bharúil) (seachas saincheisteanna soláthair agus acmhainní daonna), agus na bainistíochta buiséid (27 mbarúil);

55. ag tabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt tuairim iniúchóireachta gan choinníoll maidir le hiontaofacht chuntais na ngníomhaireachtaí uile; ag tabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt tuairim neamhcháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bonn leis na cuntais do na gníomhaireachtaí go léir;

56. ag tabhairt dá haire, gur eisíodh tuairim neamhcháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais i gcás na ngníomhaireachtaí uile cé is moite den Údarás Eorpach Saothair;

57. á thabhairt dá haire, maidir leis an Údarás Eorpach Saothair, go mbaineann an cháilíocht le híocaíochtaí dar luach EUR 2.6 milliún in 2024, is é sin 5.7 % d’iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil; ag tabhairt dá haire go n-áirítear sa mhéid sin EUR 2.2 milliún a bhaineann le conradh a mheastar a bheith neamhrialta i dtuarascáil iniúchóireachta 2022 mar gheall ar an luach a dámhadh a bheith níos mó ná uasteorainn an chonartha a bunaíodh, rud a sháraíonn pointe 12.3(a) d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais, agus EUR 0.4 milliún a bhaineann le heasnaimh i seiceálacha *ex ante* ar chur chun feidhme an chonartha; ag tabhairt dá haire gur thug an tÚdarás Eorpach Saothair freagra le linn na héisteachta a tionóladh an 1 Nollaig 2025, d’ainneoin na

dámhachtana neamhrialta, gur fhan na híocaíochtaí iarbhír a rinneadh faoin gconradh laistigh den uasteorainn EUR 6 mhilliún a bunaíodh sna sonraíochtaí tairisceana, agus go raibh an conradh bunriachtanach chun leanúnachas oibríochtaí an Údaráis a áirithiú le linn a chéad chéime bunaíochta; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur tháinig deireadh leis an gconradh neamhrialta i mí Feabhra 2024 agus nár athnuadh é; á chur in iúl gur geal léi dearbhuithe an Údaráis gur cuireadh bearta ceartaitheacha chun feidhme, lena n-áirítear doiciméadacht tairisceana athbhreithnithe, nósanna imeachta soláthair neartaithe agus seicliostaí inmheánacha nuashonraithe chun neamhrialtachtaí comhchosúla a chosc; ag tathant ar an Údarás Eorpach Saothair sásraí pleanála agus tosaíochta a neartú chun úsáid éifeachtúil leithreasuithe agus cur chun feidhme tráthúil gníomhaíochtaí oibríochtúla a áirithiú amach anseo;

58. á thabhairt chun suntais gur eisigh an Chúirt na míreanna ‘béim ar ábhar’ chun béim a leagan ar ábhar a chuirtear i láthair nó a nochtar sna cuntais a bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint leis go bhfuil sé bunúsach don tuiscint ar na cuntais nó ar an ioncam nó na híocaíochtaí is bun leo; ag tabhairt dá haire freisin, don bhliain airgeadais 2024, gur bhain an Chúirt úsáid as míreanna ‘béim ar ábhar’ do na gníomhaireachtaí seo a leanas atá mar chuid den rún seo: CdT, CEPOL, ÚBE, EIT, EMA agus ESMA;

59. ag tabhairt dá haire gur ‘moltaí gan fráma ama’ ón gCúirt iad na ‘barúlacha’ i dtuarascálacha bliantúla sonracha na ngníomhaireachtaí; á thabhairt dá haire go ndéanann an Chúirt obair leantach ar bhonn bliantúil ar na barúlacha sin trí mheasúnú a dhéanamh ar a stádas mar stádas ‘oscailte’ nó ‘dúnta’; á mheas, áfach, gur cheart go n-éileofaí le barúlacha oscailte seanbhunaithe bearta ceartaitheacha tráthúla agus nithiúla, mar aon le maoirseacht threisithe ag na boird bhainistíochta faoi seach chun laigí athfhillteacha a chosc;

60. ag tabhairt dá haire, as 109 bharúil san iomlán a thug an Chúirt a chomhfhreagraíonn do bhlianta roimhe sin de na gníomhaireachtaí atá mar chuid den rún seo, gur dúnadh 66 bharúil san iomlán le linn 2024, agus go bhfuil 39 mbarúil fós oscailte agus dhá cinn dúnta go páirteach; ag tabhairt faoi deara go bhfuil líon na mbarúlacha leanúnacha éagsúil i measc na ngníomhaireachtaí, agus nach bhfuil aon bharúlacha oscailte ag cuid acu, mar is amhlaidh i gcás Oifig BEREC, CdT, CEPOL, GSEE, ÚBE, ECHA, EFSA, EMA, EMSA, ERA, GSE agus ESMA, agus go bhfuil an líon is airde barúlacha oscailte fós in ACER (ceithre cinn), an tÚdarás Eorpach Saothair (cúig cinn), eu-LISA (cúig cinn) agus Frontex (ceithre cinn), i gcomparáid le ACER (trí cinn), an tÚdarás Eorpach Saothair (cúig cinn), eu-LISA (ocht gcinn) agus Frontex (seacht gcinn) in 2023; ag aithint na bhfeabhsuithe agus ag spreagadh na ngníomhaireachtaí leanúint de bheith ag obair chun na saincheisteanna oscailte a réiteach;

61. ag tabhairt dá haire go dtagraíonn seacht mbarúil as na 39 mbarúil oscailte (53 in 2023) d'ardleibhéal de mhéideanna a tugadh anonn (ACER, ECDC, EFCA, EIGE, Eurofound, FRA agus Frontex); á aithint go bhfuil an ráta tabhairt anonn laghdaithe ag an Údarás Eorpach Saothair agus eu-LISA go 15 %, arb é tairseach tuairiscithe na Cúirte é;

Gníomhaireachtaí i réimse na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais[12]

62. ag cur sonrú i mbarúlacha na Cúirte maidir le bainistiú conarthaí ESMA, go háirithe sé theagmhas in 2024 inar soláthraíodh seirbhísí sular síníodh an conradh, rud a sháraíonn Airteagal 172(1) den Rialachán Airgeadais; á aithint go raibh EUR 30 556 in íocaíochtaí roimhe sin neamhrialta, cé go gcuireann ESMA ábharthacht íseal (0,04 % de na híocaíochtaí iomlána) i dtábhacht agus ag tabhairt dá haire brath inmheánach na gcásanna; ag tabhairt dá haire go ndearnadh na híocaíochtaí uile (EUR 30 606) faoi Chreatchonarthaí a bhí ann cheana, rud a mhaolaigh an riosca dlíthiúil;

63. ag tarraingt aird ar thionchar suntasach an Ghnímh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA), agus an Rialacháin maidir le Margaí Cripteashócmhainní, ar shainorduithe agus cúraimí oibríochtúla an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE); ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nár thug na forálacha tosaigh aghaidh go leordhóthanach ar an gcistiú is gá chun na róil sin a bhunú nó do chéimeanna ullmhúcháin agus cur chun feidhme na mbeartas gaolmhar; ag tacú go hiomlán le tuairim an Údaráis nach mór do na Ráitis Airgeadais Reachtacha a bheidh ann amach anseo acmhainní leormhaithe a réamh-mheas agus a chur ar fáil chun sainorduithe casta den sórt sin a bhunú go tráthúil agus go héifeachtach; ag tathant go gcuirfí cistiú leormhaith ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar leathnú an tsainordaithe sin;

64. ag tabhairt dá haire gur dámhadh creatchonradh le huasteorainn EUR 40.2 milliún i mí na Nollag 2022 mar thoradh ar an nós imeachta soláthair faoi stiúir ESMA, inar ghlac ÚBE páirt mar údarás conarthach; ag tabhairt dá haire gur cuireadh an t-iarratas dlíthiúil isteach maidir le toradh an nós imeachta i mí Eanáir 2023, lena n-iarrtar an cinneadh dámhachtana agus cúiteamh a neamhniú; á chur in iúl gur geal léi gur dhiúltaigh breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 29 Deireadh Fómhair 2025 ina iomláine d'iarrataí an iarratasóra ar neamhniú agus ar chúiteamh as damáistí;

Moltaí

65. á iarraidh ar na gníomhaireachtaí, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

---

12 ÚBE, ÚEÁPC agus ESMA.

– ESMA, chun rialuithe *ex ante* a neartú, uirlisí faireacháin a fheabhsú, agus oiliúint a chur ar fáil chun atarlú amach anseo a chosc;

***Gníomhaireachtaí i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí baile*[13]**

66. ag tabhairt dá haire go ndearnadh cibirionsaí suntasach ar CEPOL i mí an Mheithimh 2024 a raibh tionchar aige ar gach réimse gnó, rud a d'fhág gur cuireadh 10 ngníomhaíocht oiliúna ar an láthair ar ceal agus gur cuireadh an oiliúint uile ar líne ar fionraí don chuid eile den bhliain; á thabhairt dá haire, thairis sin, nach amháin gur chuir an teagmhas sin isteach go mór ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla CEPOL, ach go raibh caiteachais bhreise neamhphleanáilte a bhaineann le freagairt ar theagmhais, téarnamh córais, agus bearta cibearshlándála feabhsaithe mar thoradh air; ag tabhairt dá haire go raibh an sárú slándála mar thoradh díreach ar chibirionsaí sofaisticiúil a dhírigh ar bhonneagar digiteach CEPOL, agus go bhfuair gníomhaithe neamhúdaraithe rochtain ar líon suntasach sonraí pearsanta, rud a chuir rúndacht, sláine agus infhaighteacht na sonraí sin i mbaol; ag cur béim ar an bhfíoras, mar gheall ar an gcibeartheagmhas, nár mhór fógra díreach a thabhairt do thart ar 99 000 duine aonair faoin sárú ar a sonraí pearsanta agus gur spreag an t-ionsaí imscrúdú coiriúil le tacaíocht ó CERT-EU agus Europol; á chur in iúl gur cúis imní di, d'ainneoin roinnt fianaise imthoiscí, nár sainaithníodh an gníomhaí bagartha go cinntitheach; ag tarraingt aird ar chomhairle CERT-EU maidir leis an mbonneagar a atógáil, as a dtiocfaidh cur chun feidhme timpeallacht TF néalríomhaireachta gan iontaoibh le trealamh nua ag AS DIGIT laistigh de thrí seachtaine; ag tabhairt dá haire go bhfuil 42 chúram agus thionscadal cibearshlándála á gcur chun feidhme ag CEPOL faoi láthair mar chuid dá Phlean Cibearshlándála; á thabhairt chun suntais gur cuireadh seisiúin feasachta agus oiliúna slándála TFC i bhfeidhm ar an bhfoireann uile, arna gcomhlánú le fógraí agus nuashonruithe rialta inlín, mar chuid den chleachtas caighdeánach; á chur i bhfáth nach amháin go mbaineann rioscaí oibríochtúla ach rioscaí clú, airgeadais agus dlíthiúla do ghníomhaireachtaí le teipeanna cibearshlándála; á iarraidh go mbeadh íoschaighdeáin chibearshlándála cheangailteacha agus cistiú leormhaith cobhsaí ann chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach iad;

67. á chur i bhfáth, nuair a oibríonn gníomhaireachtaí lasmuigh de chríoch an Aontais nó nuair a chomhoibríonn siad le húdaráis tríú tír, go bhfuil siad fós faoi cheangal iomlán ag dlí an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go n-áireofar coimircí in-fhorfheidhmithe, sásraí faireacháin agus oibleagáidí tuairiscithe soiléire don údarás um urscaoileadh i gcomhaontuithe comhair, i socruithe oibríochtúla

---

13 CEPOL, EIGE, EUAA, eu-LISA, Eurojust, EUROPOL, FRA agus Frontex.

agus i gcreataí comhroinnte sonraí;

68. á mheabhrú go mbunaítear le Rialachán (AE, Euratom) 2023/2841[14] creat cibearshlándála ceangailteach agus uaillmhianach do na gníomhaireachtaí díláraithe uile lena gcumhdaítear sásraí airgeadais, ardáin oibríochtúla agus sonraí íogaire, chomh maith le bearta láidre teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme ar fud na dtimpeallachtaí TFC uile, an t-aistriú de réir a chéile i dtreo ailtireacht iontaoibhe nialasaí, comhar neartaithe le CERT-EU, AS DIGIT agus comhlachtaí idirinstitiúideacha ábhartha eile chomh maith le hoibleagáidí diana maidir le tuairisciú teagmhas; ag tabhairt dá haire go bhfuil roinnt de na príomhcheanglais sin fós dúshlánach i bhfianaise na leibhéal míchothrom ullmhachta atá ann faoi láthair ar fud na ngníomhaireachtaí; á chur i bhfáth go léiríonn an teagmhas cibearshlándála a dhéanann difear do CEPOL na cibearbhagairtí laethúla a bhfuil na gníomhaireachtaí neamhchosanta orthu agus a leochaileacht agus sonraí íogaire á láimhseáil acu; á iarraidh go gcuirfí dlús le cur chun feidhme fhorálacha cibearshlándála Rialachán (AE, Euratom) 2023/2841 i ngach gníomhaireacht, agus go ndéanfaí tástáil struis rialta ar TF na ngníomhaireachtaí; ag tathant ar ghníomhaireachtaí feabhas a chur ar fhaireachán fíor-ama ar bhagairtí, ar chumais freagartha, agus ar oiliúint chibearshlándála foirne;

69. ag tabhairt dá haire nach bhfuil ach 29 % agus 21 % (8 bhfear) d'fhoireann EIGE ar an mbord bainistíochta mar ghannionadaíocht ar fhir, ag spreagadh EIGE chun ionadaíocht inscne níos cothroime a bhaint amach maidir le foireann a fhostú amach anseo;

70. ag cur sonrú i mbarúlacha na Cúirte maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe EIGE, lena n-áirítear:

– neamhrialtachtaí soláthair: á chur i bhfios gur chuir EIGE ceanglais iomarcacha maidir le hacmhainneacht airgeadais agus critéir roghnúcháin shriantacha i bhfeidhm in 2024 i nós imeachta tairisceana le haghaidh seirbhísí glantacháin a d'fhéadfadh, de réir na Cúirte, tairgeoirí ionchasacha a dhíspreagadh nó fiú cosc a chur orthu a bheith rannpháirteach; á aithint go dtugann EIGE chun suntais gur údaráis chomhchonarthacha (an Coimisiún agus an Pharlaimint) a d'iarr na critéir shriantacha agus nach ndearna aon tairgeoir féideartha gearán faoi na critéir roghnúcháin;

– meastóireacht neamhleor ar thairiscintí: ag tabhairt dá haire, in

[14] Rialachán (AE, Euratom) 2023/2841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais (IO L, 2023/2841, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2841/oj.).

dhá sholáthar (EUR 220 000 agus EUR 193 175), gur theip ar choistí meastóireachta EIGE measúnú cuí a dhéanamh ar chumas tairgeoirí foirne saineolaithe a bhainistiú toisc, sna sonraíochtaí tairisceana, nár chuir EIGE de cheangal ar thairgeoirí fianaise iomchuí a chur ar fáil ina leith sin, rud a d'fhág go raibh riosca maidir le droch-sholáthar seirbhísí ann;

– formhaoirseacht lag ar chonarthaí: á aithint gur íoc EIGE sonraisc a cuireadh chun feidhme faoi thrí chonradh 'ama agus acmhainne' gan na laethanta iarbhír a oibríodh a fhíorú, ag sárú Airteagal 45(5) dá rialachán airgeadais agus á nochtadh do rioscaí ró-íocaíochta; ag tabhairt dá haire go neartóidh EIGE seiceálacha *ex ante* dá réir sin;

71. ag cur sonrú i dtorthaí na Cúirte maidir le eu-LISA, a mbaineann an chuid is mó díobh le neamhrialtachtaí soláthair a tionscnaíodh sna blianta roimhe sin, as ar eascair íocaíochtaí neamhrialta in 2024 lena n-áirítear:

– neamhrialtachtaí i nós imeachta idirbheartaithe a tionscnaíodh in 2019 agus a tugadh i gcrích in 2020 chun áitreabh a fháil ar cíos in Strasbourg, áit a raibh achar dromchla an áitribh agus líon na n-ionad oibre faoi bhun na riachtanas a shainítear sna sonraíochtaí tairisceana, agus measadh go raibh cáilíocht na tairisceana an-íseal ach nár diúltaíodh di; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndearnadh na critéir dhámhachtana a chaibidliú leis an tairgeoir ina dhiaidh sin freisin, rud a sháraíonn Airteagal 167(3) agus pointe 6.5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais; á thabhairt chun suntais go bhfuil an nós imeachta idirbheartaithe agus an conradh cíosa a tháinig as neamhrialta, mar aon leis na híocaíochtaí gaolmhara dar luach EUR 850 000 in 2024;

– modhnuithe ar thairiscintí airgeadais tairgeoirí le linn nós imeachta soláthair le haghaidh oibreacha leictreacha agus sibhialta in Strasbourg, a dhéanann difear do thoradh an nós imeachta agus a bhfuil conradh neamhrialta agus íocaíochtaí gaolmhara dar luach EUR 150 000 in 2024 mar thoradh orthu;

– athruithe ar ghnéithe praghsála tairiscintí airgeadais thar na ceartúcháin a cheadaítear faoi Airteagal 151 den Rialachán Airgeadais, a dhéanann difear cinntitheach do thoradh tairisceana agus a bhfuil conarthaí neamhrialta agus íocaíochtaí gaolmhara dar luach EUR 1,4 milliún san iomlán in 2024 mar thoradh orthu;

– athoscailt an chomórtais le haghaidh seirbhísí faireacháin agus cothabhála i ndáil leis an gcóras faisnéise Víosaí; á chur in iúl gur cúis imní di go raibh an tairgeoir buaiteach (EUR 47.8 milliún) cúig huaire níos ísle ná an dara rogha is

saoire (EUR 243.4 milliún) agus 50 uair níos ísle ná an méid is airde (EUR 2.4 billiún), rud a ardaíonn ábhair imní maidir lena bhailíocht; ag tarraingt aird ar an bhfíoras gur bhunaigh eu-LISA meitheal chun athbhreithniú a dhéanamh ar athoscailt sin an chomórtais a dheimhnigh an measúnú a rinne oifigigh airgeadais ach a thuairiscigh rioscaí oibríochtúla agus conarthacha a bhaineann leis an bhfíoras go mbeadh ar an ngníomhaireacht formhór phraghas an chonartha a íoc roimh ré; á thabhairt chun suntais gur mheas an Chúirt go raibh an riosca sin suntasach;

– á mheabhrú, tar éis moilleanna ar chur chun feidhme an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES), gur tháinig díospóid chun cinn inar dhiúltaigh an conraitheoir costais chothabhála bhreise a chumhdach do tháirgí TF áirithe, rud a d'fhág go ndeachaigh cumhdach cothabhála in éag idir mí na Samhna 2022 agus mí Aibreáin 2023 agus gur nochtadh eu-LISA do rioscaí oibríochtúla; á mheabhrú, chun aghaidh a thabhairt ar an riosca láithreach do leanúnachas gnó, gur leasaigh eu-LISA an creatchonradh oibríochtaí trasnaí in 2023 chun táillí aischurtha a chur san áireamh, pionóis a chuirtear i bhfeidhm nuair nach ndéantar cothabháil a athnuachan in am, agus gur íoc sé EUR 5.3 milliún ina dhiaidh sin in 2023 agus EUR 1.3 milliún in 2024 chun cothabháil bogearraí a athnuachan agus costais ghaolmhara aischurtha ar cheart, de réir léirmhíniú na Gníomhaireachta, a bheith íoctha ag conraitheoir EES; á mheabhrú, thairis sin, d'ainneoin mhéid na méideanna atá faoi dhíospóid agus stádas oscailte leanúnach bharúil na Cúirte, nach raibh tús curtha ag eu-LISA le dlíthíocht in aghaidh chonraitheoir EES faoi dheireadh 2024;

72. á chur in iúl gur cúis imní di go léiríonn neamhrialtachtaí leanúnacha a sainaithníodh i bpróisis soláthair eu-LISA laigí sistéamacha i gcreat soláthair na gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire gur aithin eu-LISA na saincheisteanna sin agus na hiarrachtaí chun a chleachtais a neartú, ag spreagadh eu-LISA straitéis a cheapadh maidir le feabhas a chur ar a gcreat soláthair a roinnfear ag na héisteachtaí um urscaoileadh an bhliain seo chugainn, ag spreagadh eu-LISA soiléireacht agus trédhearcacht a sholáthar maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfadh sé nach measfaí aththairiscint a bheith iomchuí; ag spreagadh eu-LISA comhairle shaineolach a lorg agus an straitéis nua seo á ceapadh aige agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile maidir le dea-chleachtais;

73. á aithint go bhfuil dúshláin shuntasacha roimh eu-LISA agus ag cur béim ar an bhfíoras gur gá a fhoireann a mhéadú chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin sin agus chun leanúnachas a chuid oibríochtaí a áirithiú agus gur cheart é sin a chistiú dá réir;

74. ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte maidir le soláthar go ndearna

Eurojust, in 2020, creatchonradh le haghaidh léasú feithiclí le hoibreoir eacnamaíoch aonair, nach raibh iomchuí do chineál na seirbhísí a bhí ag teastáil, agus á aithint, dá bhrí sin, go raibh an conradh sonrach a dámhadh, chomh maith leis na híocaíochtaí gaolmhara uile (EUR 64 000 in 2024), neamhrialta; ag cur sonrú i bhfreagra Eurojust go ndeachaigh an creatchonradh dá dtagraítear i dtuarascáil CIE 2020 in éag an 10 Bealtaine 2024, agus go bhfuil creatchonradh nua maidir le léasú feithiclí i bhfeidhm ón 25 Samhain 2024;

75. á chur in iúl gur cúis imní di barúlacha na Cúirte nár nuashonraigh Eurojust a phleananna leanúnachais gnó ó 2021 i leith, d'ainneoin athruithe suntasacha a dhéanann difear d'acmhainní agus do bhaill foirne le haghaidh príomhphróiseas, lena n-áirítear SUMMA a thabhairt isteach mar chóras nua buiséadach, cuntasaíochta agus airgeadais; á thabhairt chun suntais, nár lean Eurojust freisin minicíocht na tástála a bunaíodh ina phlean leanúnachais gnó deireanach agus nach bhfuil plean athshlánaithe ó thubaiste comhordaithe agus comhaontaithe aige faoi láthair dá chórais TF;

76. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé beartaithe sainordú Eurojust a leathnú amach anseo, lena n-áirítear chuig tríú stát agus go bhfuil líon méadaitheach cásanna coiriúla á láimhseáil ag an ngníomhaireacht gach bliain; á aithint, i bhfianaise na bhforbairtí sin, gur gá do Eurojust a leibhéil foirne a mhéadú chun cumhdach cuimsitheach cásanna agus leanúnachas gan bhriseadh a chuid oibríochtaí a áirithiú agus gur cheart cistiú comhfhreagrach a chur ar fáil;

77. ag tabhairt dá haire, sa bhreis air sin, barúil na Cúirte nár ghlac Eurojust cinneadh cuí maoiniúcháin sular seoladh nósanna imeachta soláthair le haghaidh caiteachas oibríochtúil, rud a bhain an bonn de phleanáil éifeachtach agus d'fhormhaoirseacht éifeachtach agus a sháraíonn Airteagal 32(1) agus Airteagal 72(3)(b) de rialacha airgeadais Eurojust; á chur in iúl gur geal léi tiomantas Eurojust plean soláthair bliantúil formheasta de na nósanna imeachta uile a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin, lena gcumhdaítear caiteachas oibríochtúil agus riaracháin araon, ag tosú ó 2026;

78. ag tabhairt dá haire, i mí Dheireadh Fómhair 2025, gur neamhnigh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh[15] ('an Chúirt Ghinearálta') dhá chinneadh ó Eurojust lenar diúltaíodh d'iarraidh ó bhall foirne sealadach ar chúnamh mar gheall ar chiapadh síceolaíoch líomhnaithe ag deichniúr comhghleacaithe, lena n-áirítear a Stiúrthóir Riaracháin; á chur in iúl gurb eol di gur rialaigh an Chúirt gur sháraigh Eurojust a dhualgas díchill faoi Airteagal 24 de na Rialacháin Foirne trí fhiosrúchán an bhaill foirne sin a roinnt ina dhá

---

15 Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 15 Deireadh Fómhair 2025, WU v Eurojust, T 295/23 agus T 1176/23, ECLI:EU:T:2025:963.

phróiseas riaracháin ar leith, agus ar an gcaoi sin nár éirigh leis imscrúdú iomlánaíoch, comhthéacsúil a dhéanamh ar éilimh chiaptha idirnasctha; ag tabhairt dá haire, cé gur neamhnigh an Chúirt na cinntí chun athmheasúnú cuí a cheadú, gur dhiúltaigh sí do na héilimh ar chúiteamh;

79. á thabhairt chun suntais gur cheart sásraí inmheánacha a fhorbairt laistigh de na gníomhaireachtaí chun láimhseáil inmheánach chuí gearán agus cosc teagmhas a áirithiú, lena n-áirítear cásanna ciaptha shíceolaíoch agus ghnéasach, go háirithe nuair a bhíonn iliomad páirtithe i gceist;

80. ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte gur aisíoc Europol cáin bhreisluacha (CBL) go neamhrialta faoi dheontais oibríochtúla a íocadh le fórsaí póilíneachta náisiúnta ag gníomhú dóibh mar údaráis phoiblí, contrártha d'Airteagal 186(4)(c) den Rialachán Airgeadais, rud a fhágann nach féidir CBL a aisíoc le heintitis phoiblí atá ag gníomhú sa cháil sin; ag tabhairt dá haire gur mhínigh Europol gur lean sé treoir ón gCoimisiún ag an am, lenar ceadaíodh CBL a mheas a bheith incháilithe faoi dheontais oibríochtúla, agus á chur in iúl gur geal léi an cinneadh CBL a eisiamh ó gach comhaontú deontais nua a tionscnaíodh faoi dheireadh 2024;

81. á chur in iúl gur geal léi go raibh ról lárnach ag Tascfhórsaí Oibríochtúla Europol agus ag sásraí na bhFoirne Comhpháirteacha Imscrúdaithe chun an t-ardán cumarsáide criptithe Matrix a dhíchóimeáil, rud a léiríonn na róil chomhlántacha atá acu ach atá éagsúil óna chéile maidir leis an gcoireacht eagraithe thrasnáisiúnta a chomhrac; ag tabhairt dá haire gur cuireadh tús leis an oibríocht mar Thascfhórsaí Oibríochtúla i mí an Mheithimh 2024 idir an Ísiltír, an Fhrainc, an Liotuáin, an Iodáil agus an Spáinn, lena n-éascaítear comhroinnt faisnéise agus faireachán ar ghníomhaíocht choiriúil; á thabhairt chun suntais gur chumasaigh an t-aistriú chuig Foireann Chomhpháirteach Imscrúdaithe faoi Eurojust comhordú imscrúdaitheach foirmiúil, a raibh gabhálacha, urghabhálacha agus díchriptiú 2,3 milliún teachtaireacht i 33 theanga mar thoradh air; á thabhairt faoi deara gur sholáthair údaráis na Gearmáine tacaíocht theicniúil, agus gur chomhoibrigh póilíní na Spáinne, na Fraince agus na hÍsiltíre le linn an imscrúdaithe; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go leagtar béim sa chás sin ar éifeachtacht an chomhair trasteorann maidir le cur isteach ar líonraí aindleathacha agus ar an ngá atá le hinfheistíocht leanúnach i gcumais forfheidhmithe dlí chun aghaidh a thabhairt ar oirbhearta coiriúla atá ag teacht chun cinn;

82. ag tabhairt dá haire gur cuireadh urscaoileadh Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) siar i mí na Bealtaine 2025 mar gheall ar thorthaí OLAF maidir le rialachas agus cobhsaíocht; ag tabhairt dá haire go bhfuarthas amach in imscrúdú rúnda a rinne OLAF gur sheachain an bhainistíocht shinsearach ag gníomhaireacht EUAA rialacháin foirne agus gur thug imscrúdaitheoirí OLAF dá n-

aire go bhfuil na cleachtais fruilithe sin ag sárú Rialacháin Foirne an Aontais;

83. ag cur sonrú i dtuarascáil stádais EUAA an 31 Deireadh Fómhair 2025 maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a chur chun feidhme, mar a comhaontaíodh idir an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus an Bord Bainistíochta, mar obair leantach ar rún na Parlaiminte; ag tabhairt dá haire go bhfuil aghaidh á tabhairt ag an mBord Bainistíochta ar bharúlacha na Parlaiminte i gcomhréir lena nósanna imeachta agus go ndéanfaidh sé athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir le bearta atá fós gan réiteach ag an gcruinniú a bheidh aige i mí na Samhna 2025; ag tathant ar an nGníomhaireacht gach saincheist oscailte a shoiléiriú go hiomlán, moltaí OLAF a chur chun feidhme ar bhealach inchreidte agus trédhearcach, agus sásraí láidre rialaithe inmheánaigh, formhaoirseachta eiticiúla agus cuntasachta a bhunú; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas gan moill mhíchuí faoi aon chéimeanna feabhais a ghlactar; á chur i bhfáth nach amhlaidh go bhfuil clistí rialachais dúnta de bharr imscrúduithe OLAF a bheith tugtha i gcrích; á athdhearbhú go gcoinníonn an t-údarás um urscaoileadh cearta formhaoirseachta iomlána go dtí go ndéanfar laigí struchtúracha sa bhainistíocht, sa trédhearcacht agus sa láimhseáil coinbhleachta leasa a leigheas agus a fhíorú go hiomlán;

84. ag tabhairt dá haire, cé go ndearnadh feabhsuithe in 2024 chun creat eiticiúil, feasacht foirne agus nósanna imeachta inmheánacha coinbhleachta leasa na Gníomhaireachta a neartú, nár tugadh aghaidh go fóill ar an gcoinbhleacht leasa struchtúrach arna sainaithint ag OLAF maidir le gearáin in aghaidh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, ós rud é go leanann an tAonad Dlí atá freagrach as cásanna den sórt sin a ullmhú de bheith ag feidhmiú faoi mhaoirseacht dhíreach an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, rud a bhaineann an bonn de neamhspleáchas an phróisis gearán; ag tabhairt dá haire go bhfuil formhór na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha sceidealaithe do 2025 agus 2026, lena n-áirítear athruithe eagraíochtúla, clár barrfheabhsaithe, oiliúint do bhaill foirne agus do bhainisteoirí, feabhsuithe ar dhoiciméid rialachais, trédhearcacht fheabhsaithe maidir le neamhrialtachtaí tuairiscithe, athbhreithniú ar threoir inmheánach maidir le hiarrataí agus gearáin faoi Airteagal 90 de na Rialacháin Foirne, comhar neartaithe le AS HR chun gearáin a láimhseáil agus athbhreithniú ar nósanna imeachta maidir le hiarrataí ar chúnamh faoi Airteagal 24 de na Rialacháin Foirne;

85. á chur i bhfáth, thairis sin, go bhfuil gá le faireachas leanúnach maidir le rátaí athraithe agus sásamh foirne EUAA, maidir le haon fhiníochas nó fabhraíocht a chosc go docht, agus trédhearcacht iomlán agus nósanna imeachta atá bunaithe ar fhiúntas san earcaíocht agus sa dul chun cinn gairme;

86. Forchoimeádann sé an ceart cinntí maidir le hurscaoileadh amach anseo a choinníoll nó a chur siar i gcás ina mainníonn gníomhaireachtaí athchóirithe struchtúracha iomlána infhíoraithe a chur ar fáil tar éis torthaí tromchúiseacha a fháil;

Moltaí

87. á iarraidh ar na gníomhaireachtaí gníomhú de réir bharúlacha na Cúirte, go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

    (i) EIGE chun feabhas a chur ar chleachtais soláthair trí athbhreithniú a dhéanamh ar chritéir tairisceana atá róshriantach, trí phróisis mheastóireachta a neartú chun measúnú a dhéanamh ar chumais bainistithe foirne na dtairgeoirí, agus trí fhíorú docht a dhéanamh ar chonarthaí ‘ama agus acmhainne’ chun ró-íocaíochtaí a chosc;

    (ii) eu-LISA chun aghaidh a thabhairt ar laigí sistéamacha soláthair, lena n-áirítear conarthaí cíosa neamhrialta agus modhnuithe míchuí ar thairiscintí airgeadais, agus trédhearcacht agus maolú riosca i meastóireachtaí ar thairiscintí á bhfeabhsú ag an am céanna; á iarraidh ar eu-LISA faisnéis mhionsonraithe a sholáthar maidir leis an díospóid a eascraíonn as na moilleanna ar chur chun feidhme an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES), go háirithe maidir leis an measúnú inmheánach a thug ar an nGníomhaireacht glacadh le costais aischurtha agus athnuachana cothabhála dar luach EUR 6.6 milliún in 2023-2024 faoin gcreatchonradh oibríochtaí trasnaí, d’ainneoin na costais sin atá inchurtha go conarthach i leith chonraitheoir EES a mheas; á iarraidh go dtabharfaí soiléiriú ar na cúiseanna nár tionscnaíodh aon imeachtaí dlíthiúla faoi dheireadh 2024 agus an ndearnadh iniúchadh ar ghníomhaíochtaí malartacha um réiteach díospóidí nó aisghabhála; á mholadh go ndéanfadh eu-LISA a shásraí forfheidhmithe conartha agus réitigh díospóidí a neartú, nósanna imeachta géaraithe soiléire a bhunú, agus a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar dhíospóidí comhchosúla go pras agus go trédhearcach chun leasanna airgeadais agus leanúnachas oibríochtúil na Gníomhaireachta a choimirciú; ag spreagadh eu-LISA tuairim a thabhairt maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfar a mheas nach bhfuil aththairiscint iomchuí agus maidir leis na cásanna ina bhfuil ciall leis an soláthraí/na soláthraithe céanna a choinneáil chun leanúnachas gnó a áirithiú;

    (iii) ar Eurojust pleananna leanúnachais gnó a thabhairt cothrom le dáta go práinneach laistigh de 6 mhí chun oibríochtaí reatha a léiriú lena n-áirítear cur chun feidhme SUMMA, tástáil rialta athshlánaithe ó thubaiste a dhéanamh, agus cinntí cuí maoinithe a bhunú roimh nósanna imeachta soláthair; á iarraidh ar Eurojust a phleananna leanúnachais gnó nua a thíolacadh sa

tuarascáil leantach ar urscaoileadh;

88. Ina theannta sin, iarrann sí ar ghníomhaireachtaí seo a leanas an Aontais an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) CEPOL agus na gníomhaireachtaí uile chun a rialachas inmheánach cibearshlándála a neartú go práinneach, acmhainní leormhaithe agus cobhsaí a leithdháileadh, acmhainneachtaí braite agus freagartha a fheabhsú, agus céimeanna nithiúla a ghlacadh i dtreo ailtireacht neamh-iontaoibhe chun leochaileachtaí a laghdú agus athléimneacht in aghaidh cibearbhagairtí atá ag éirí níos sofaisticiúla a áirithiú;

(ii) Europol forairdeall a choinneáil ar bun chun comhlíonadh na rialacha incháilitheachta a áirithiú i dtimthriallta cistiúcháin amach anseo, tar éis dó gníomhaíocht cheartaitheach thapa a dhéanamh maidir le haisíocaíochtaí CBL; ag tathant ar an gCoimisiún treoraíocht shoiléir a eisiúint maidir le cur chun feidhme Airteagal 186(4)(c) den Rialachán Airgeadais, ós rud é gur tháinig ceisteanna maidir le hincháilitheacht CBL chun cinn freisin i gcásanna eile sna blianta roimhe sin, rud a léiríonn roinnt débhríochtaí;

(iii) EUAA chun dianfhaireachán ar gharspriocanna a áirithiú, go háirithe iad sin atá beartaithe do 2026 arb croílár na n-iarrachtaí athchóirithe iad, agus tuairisc a thabhairt don Údarás um Urscaoileadh maidir le cur chun feidhme gníomhaíochtaí ceartaitheacha;

(iv) Gníomhaireachtaí den Aontas agus go háirithe Eurojust chun treoirlínte soiléire a bhunú maidir le cásanna casta ciaptha a láimhseáil agus chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach Airteagal 24 de na Rialacháin Foirne a áirithiú;

(v) ar EUAA sásra gearán éifeachtach a chur chun feidhme chun gearáin a láimhseáil lena n-áirithítear neamhchlaontacht iomlán agus lena n-athbhunaítear muinín ina rialachas;

(vi) Frontex chun pleanáil agus forghníomhú an bhuiséid a neartú chun comhlíonadh phrionsabal na bliantúlachta a áirithiú; á chur i bhfáth go bhfuil gá le sásraí inmheánacha láidre mar gheall ar scála agus castacht shainordú na gníomhaireachta agus á iarraidh ar an ngníomhaireacht maoirseacht ar nósanna imeachta soláthair agus bainistithe conarthaí a threisiú; ag spreagadh Frontex nósanna imeachta leantacha maidir le torthaí iniúchóireachta a neartú agus dul chun cinn intomhaiste a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

(vii) Tá Eurojust chun riachtanais bhuiséadaithe amach anseo a roinnt leis an gCoimisiún maidir le leathnú an tsainordaithe amach anseo agus tá sé ag tathant go gcuirfí cistiú agus

foireann leordhóthanach ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar leathnú sin an tsainordaithe;

Gníomhaireachtaí i réimse na Fostaíochta, an oideachais agus na ngnóthaí sóisialta[16]

89. á thabhairt chun suntais gur aicmigh an tÚdarás Eorpach Saothair buiséad leasaitheach go mícheart mar ioncam sannta seachtrach, de shárú ar Airteagail 6, 12, 20, 21 agus 34 de na Rialacha Airgeadais; ag cur sonrú i bhfreagra an Údaráis Eorpaigh Saothair ina mínítear gur tháinig na cistí go déanach agus ar an gcúis sin go ndearna an tÚdarás Eorpach Saothair a bhuiséad féin a ath-leithdháileadh go sealadach chun moilleanna íocaíochta a sheachaint, agus ansin gur thaifead sé cistí an Aontais mar ioncam seachtrach chun a áirithiú nár úsáideadh iad ach le haghaidh tuarastal;

90. ag tabhairt dá haire conclúidí na Meastóireachta[17] ar an Údarás Eorpach Saothair, ina leagtar béim ar an ngá atá ann go bhfeabhsódh an tÚdarás a chóras faireacháin bunaithe ar chuspóirí SMART agus ar phríomhtháscairí feidhmíochta; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur chuir an easpa sin bac ar an measúnú ar chostéifeachtacht ghníomhaíochtaí an Údaráis Eorpaigh Saothair agus gur bhain sí an bonn de cháilíocht an fhaireacháin ar fheidhmíocht; á aithint go bhfuil sé d'acmhainn ag an Údarás Eorpach Saothair a chóras faireacháin a neartú trí chuir chuige struchtúrtha a chur chun feidhme;

91. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go leanann an tÚdarás Eorpach Saothair de bheith ag brath an iomarca ar oibrithe sealadacha, ar SNInna agus ar fhoireann eatramhach, le haghaidh príomhfheidhmeanna oibríochtúla agus airgeadais; ag tabhairt faoi deara, ag deireadh 2022, gurbh éard a bhí in oibrithe sealadacha 58 % de lucht saothair an Údaráis Eorpaigh Saothair, agus d'ainneoin laghdú beag, go raibh an cion fós an-ard ag 47 % ag deireadh 2023 agus 2024 araon; ag tabhairt dá haire, thairis sin, de shárú ar Airteagal 41(1) de Rialacha Airgeadais an Údaráis Eorpaigh Saothair, go raibh an tÚdarás ag brath ar oibrí eatramhach agus ar oiliúnaí chun príomhghníomhaíochtaí airgeadais a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a dhéanamh idir mí na Samhna 2022 agus mí an Mhárta 2023, cleachtas a lean ar aghaidh in 2023 agus in 2024 agus oibrí eatramhach á úsáid go leanúnach le haghaidh cúraimí airgeadais bunriachtanacha;

92. ag cur sonrú sa mhíniú a thug Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis Eorpaigh Saothair le linn na héisteachta an 1 Nollaig 2025 maidir leis an sciar ard ó thaobh struchtúir de d'oibrithe sealadacha, go

---

16 Cedefop, an tÚdarás Eorpach Saothair, ETF, Eurofound agus EU-OSHA.

17 Meastóireacht ar an Údarás Eorpach Saothair sa Bhruiséil, 26.5.2025 COM(2025)256 final agus SWD(2025)128 final.

háirithe SNInna, ar thart ar 42-50 % d’fhoireann oibríochtúil an Údaráis Eorpaigh Saothair an sciar sin faoi láthair, agus a bhfuil cosc dlíthiúil orthu croífheidhmeanna a chomhlíonadh, rud a chruthaíonn comhchruinniú freagrachtaí agus riosca níos airde earráidí; ag tacú le coigeartú ar an bplean bunaíochta chun poist bhreise do Ghníomhairí Sealadacha a chur in ionad acmhainní atá bunaithe ar SNI, ar poist iad a líonfar trí nósanna imeachta oscailte agus iomaíocha laistigh den uasteorainn bhuiséadach atá ann cheana; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go mbeadh an tÚdarás Saothair ina eiseamláir i gcaighdeáin saothair agus go bhféachfadh sé le conarthaí níos faide a thairiscint a bheadh chun leasa na foirne, an leanúnachais gnó, agus coinneáil eolais; á iarraidh ar an Údarás tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhar leis na húdaráis náisiúnta saothair chun dúbailt a sheachaint agus chun malartú faisnéise a fheabhsú;

93. ag tarraingt aird ar chonclúidí na Meastóireachta ar ghníomhaireachtaí an Aontais: Cedefop, EU-OSHA, Eurofound, agus ETF; ag tabhairt dá haire nár thángthas ar fhianaise sa mheastóireacht chun na conclúidí ón meastóireacht roimhe seo in 2019 a athrú, inar thángthas ar an gconclúid go bhfuil dúshláin ag baint le roghanna cumaisc maidir le tairbhí agus míbhuntáistí a chothromú agus gur féidir feabhsuithe éifeachtúlachta a bhaint amach trí chomhar níos fearr; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le comhar níos láidre leis an gCoimisiún maidir le haschuir chomhpháirteacha ardluacha, amhail comhar Eurofound-Cedefop maidir leis an suirbhé Eorpach ar chuideachtaí agus ailíniú Cedefop-ETF maidir le faireachán ar bheartas gairmoideachais agus gairmoiliúna; á thabhairt faoi deara go bhfuil gá le comhordú níos fearr idir Cedefop, an tÚdarás Eorpach Saothair agus Eurofound chun dúbailt a sheachaint i réamhaisnéis scileanna agus in anailís ar mhargadh an tsaothair;

94. á thabhairt faoi deara gur cheart córais faireacháin i ngach gníomhaireacht, lena n-áirítear cuspóirí SMART agus PTFanna, a neartú chun feabhas a chur ar mheasúnú feidhmíochta foriomlán agus ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara; á thabhairt chun suntais go mbaineann bearnaí sonraí (go háirithe in ETF), spriocanna feidhmíochta atá in easnamh, agus easpa táscairí ar an leibhéal náisiúnta an bonn den éifeachtacht; á thabhairt faoi deara go n-éilíonn na dúshláin sin iomláine fheabhsaithe sonraí, socrú spriocanna níos soiléire, agus creataí faireacháin feabhsaithe chun measúnuithe feidhmíochta cuimsitheacha agus ailíniú le riachtanais na bpáirtithe leasmhara a áirithiú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá struchtúir rialachais thrédhearcacha agus coimircí coinbhleachta leasa chun tacú le muinín na bpáirtithe leasmhara ina gcuid oibre;

95. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé d’acmhainn ag na ceithre ghníomhaireacht (Cedefop, EU-OSHA, Eurofound, agus ETF) an t-ualach riaracháin a laghdú agus éifeachtúlacht a fheabhsú trí

sheirbhísí comhroinnte[20]; á thabhairt chun suntais gur cheart do na gníomhaireachtaí ualaí riaracháin ar an bhfoireann a laghdú chun ualaí oibre inbhuanaithe a choinneáil ar bun trí sheirbhísí comhchoiteanna a chomhroinnt d'acmhainní daonna, dlíthiúla, TF agus d'fheidhmeanna teicniúla; á chur i bhfios go gcuirfeadh sé sin ar chumas gníomhaireachtaí an fhoireann atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí riaracháin a laghdú agus díriú níos mó ar chroí-oibríochtaí; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí sin, i ndlúthchomhar leis an gCúirt, plean struchtúrtha cur chun feidhme seirbhísí comhroinnte a fhorbairt ina mbeidh garspriocanna nithiúla, chun malartú frithpháirteach dea-chleachtas agus moltaí a éascú i measc na ngníomhaireachtaí lena mbaineann agus ar fud EUAN níos leithne, agus leas á bhaint as torthaí iniúchóireachta agus meastóireachtaí trasearnála na Cúirte; á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta faoin bplean sin;

96. ag tabhairt dá haire go raibh baint ag Cedefop le díospóid dhlíthiúil le hiarbhall foirne nach ndearnadh a chonradh a athnuachan in 2017; á mheabhrú gur neamhnigh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh cinneadh Cedefop in 2020 agus gur ordaigh sí go n-íocfaí cúiteamh airgeadais, rud a chuir Cedefop chun feidhme; ag tabhairt dá haire gur dhíbh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh caingean ina dhiaidh sin a thionscain an t-iarbhall foirne maidir le cur chun feidhme an bhreithiúnais sin i mí Feabhra 2024; ag tabhairt faoi deara go ndearna an t-iarbhall foirne achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (Cás C-209/24 P) agus gur cuireadh breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 7 Feabhra 2024 (T-563/22) ar ceal le breithiúnas deiridh Chúirt Bhreithiúnas an Aontais Eorpaigh, gur chuir sé ar neamhní cinneadh Stiúrthóir Feidhmiúcháin Cedefop an 17 Nollaig 2021 agus cinneadh a Choiste Achomhairc an 17 Meitheamh 2022, gur ordaíodh do Cedefop €15 000 a íoc leis an iarratasóir mar chúiteamh ar dhamáiste neamhábhartha, agus na costais uile arna dtabhú ag an iarratasóir ag an gcéad chéim agus ar achomharc araon a íoc; á mheabhrú gur aimsíodh sáruithe ar ráthaíochtaí bunúsacha nós imeachta, lena n-áirítear an ceart chun éisteacht a fháil, cearta na cosanta, an dualgas cúraim agus prionsabal an dea-riaracháin le breithiúnas tosaigh Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur cosúil nár tionscnaíodh aon nós imeachta araíonachta i gcoinne an iar-stiúrthóra feidhmiúcháin nó i gcoinne baill foirne fhreagracha eile tar éis na dtorthaí sin; ag cáineadh fhad iomarcach an phróisis cinnteoireachta freisin mar gheall ar earráid ar thaobh na cúirte ginearálta bunaithe ar fhaisnéis ón ngníomhaireacht; á chur i bhfáth go bhfuil an damáiste neamhábhartha inchurtha go díreach i leith mhainneachtain Cedefop an breithiúnas neamhnithe a chomhlíonadh i gceart thar chúiteamh a íoc, agus dá bhrí sin gur suíodh nasc cúisíoch idir iompar neamhdhleathach Cedefop agus an damáiste; á chur i bhfáth nach

mór do Cedefop athscrúdú a dhéanamh anois ar an iarraidh ar athnuachan conartha, an nós imeachta a atosú ón staid mar a bhí in 2017 agus cinneadh a ghlacadh a chuirfear in ionad an chinnidh a cuireadh ar neamhní; ba cheart an t-athscrúdú sin a dhéanamh de réir an nós imeachta ábhartha mar a leagtar amach sna Rialacháin Foirne agus i rialacha inmheánacha earcaíochta Cedefop, lena n-áirítear an cúiteamh a d'fhéadfadh a bheith riachtanach; ag tathant nach mór cinntí a bhaineann leis an bhfoireann a dhéanamh ar bhealach trédhearcach agus inrianaithe, bunaithe ar na rialacha uile a chumhdaítear sna Rialacháin Foirne ar bhealach tráthúil;

97. ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte gur íoc EU-OSHA as cúrsaí ar líne gan fíorú leordhóthanach a dhéanamh gur mheaitseáil na huaireanta a sonrascadh na seirbhísí a soláthraíodh, rud atá contrártha d'Airteagal 73 de rialachán airgeadais na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire gur shoiléirigh an Ghníomhaireacht go ndéantar fíoruithe *ex-ante* go rialta agus gur léirigh an cás sin go raibh bearna ann o thaobh na doiciméadachta seachas cliseadh rialaithe; á chur in iúl gur geal léi na bearta breise a tugadh isteach chun doiciméadacht iomlán maidir le seachadadh seirbhíse a áirithiú agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé rianta láidre fianaise a choinneáil ar bun do gach íocaíocht chun dlíthiúlacht agus rialtacht a ráthú;

98. ag tabhairt faoi deara go bhfuil 75 % d'ailsí a bhaineann leis an obair nasctha le nochtadh d'aispeist, ag aithint rannchuidiú EU-OSHA in 2024 le treoirlínte nua an Choimisiúin maidir le haispeist agus ag spreagadh EU-OSHA leanúint d'acmhainní foirne agus buiséid a leithdháileadh chun rannchuidiú le feasacht ar aispeist agus le modhanna chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist fhorleathan na haispeiste ar fud na hEorpa;

99. ag meabhrú dhá cheann de neamhrialtachtaí soláthair ETF, arna dtabhairt chun suntais ag an gCúirt in 2022, as ar eascair íocaíochtaí neamhrialta in 2024; ag tabhairt dá haire, i gcás amháin, gur dhámh ETF conradh EUR 1 mhilliún le haghaidh seirbhísí tacaíochta inneachair ar thairgeoir nár chomhlíon an tairseach láimhdeachais airgeadais is gá, rud a d'fhág go raibh an conradh agus na híocaíochtaí gaolmhara (EUR 186 175 in 2024) neamhrialta; ag tabhairt dá haire, i gcás eile, le linn soláthar oscailte EUR 4 mhilliún le haghaidh seirbhísí tacaíochta intíre, nár léirigh an tairgeoir buaiteach acmhainneacht eacnamaíoch agus airgeadais leordhóthanach, rud a d'fhág go raibh tuilleadh neamhrialtachtaí in íocaíochtaí (EUR 252 714 in 2024); ag tabhairt dá haire, thairis sin, i dtairiscint in 2023 le haghaidh bhonneagar LAN ar a áitreabh, gur fhorchuir ETF ceanglais iomarcacha maidir le hacmhainneacht airgeadais gan údar cuí, rud a d'fhéadfadh iomaíocht a dhíspreagadh; ag tabhairt dá haire gur aithin ETF na saincheisteanna sin agus go ndearna sé athbhreithniú ar a mhodheolaíocht ach á áitiú nach mór do ETF sásraí comhlíonta níos doichte a chur chun feidhme chun sáruithe ar rialacha soláthair a

chosc amach anseo;

100. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil roinnt barúlacha a bhaineann le soláthar ó bhlianta roimhe sin fós oscailte don Údarás Eorpach Saothair (as a tháinig an tuairim cháilithe in 2023 agus 2024) agus do ETF araon;

Moltaí

101. á iarraidh ar na gníomhaireachtaí gníomhú de réir bharúlacha na Cúirte, go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) ar an Údarás Eorpach Saothair chun feabhas a chur ar a mbainistíocht bhuiséadach agus plean teagmhasach le haghaidh coigeartuithe tuarastail a chur ar bhonn foirmiúil, lena n-áirítear comhordú luath ar chistiú ón Aontas;

(ii) an tÚdarás Eorpach Saothair, ETF agus EU-OSHA chun a gcórais soláthair agus rialaithe inmheánaigh a neartú tuilleadh trína áirithiú go dtacaítear le gach íocaíocht le fianaise iomlán infhíoraithe, go gcuirtear ceanglais maidir le hacmhainneacht airgeadais agus theicniúil i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go comhréireach, agus go ndéantar seiceálacha *ex ante* agus *ex post* a dhoiciméadú go córasach;

102. á iarraidh, thairis sin, ar Cedefop, an tÚdarás Eorpach Saothair, ETF, EU-OSHA agus Eurofound an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) a gcórais faireacháin agus tomhais feidhmíochta a neartú go mór trí chuspóirí SMART agus príomhtháscairí feidhmíochta láidre atá dírithe ar thorthaí a leabú go hiomlán, trí aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sonraí agus trí mhéadracht a ailíniú le tosaíochtaí oibríochtúla chun cost-éifeachtúlacht agus cuntasacht páirtithe leasmhara a fheabhsú;

(ii) cineálacha cur chuige faireacháin struchtúrtha agus comhleanúnacha a ghlacadh, iomláine agus inchomparáideacht sonraí a áirithiú ar fud na dtimthriallta tuairiscithe, táscairí comhsheasmhacha ar an leibhéal náisiúnta a bhunú i gcás inarb ábhartha, agus cleachtais socraithe spriocanna a fheabhsú, agus comhar idirghníomhaireachta á neartú ag an am céanna chun dúbláil a sheachaint agus tacaíocht bheartais fhianaisebhunaithe a threisiú;

(iii) dlús a chur leis na hiarrachtaí i dtreo samhail struchtúrtha seirbhísí comhroinnte lena gcumhdófar acmhainní daonna, dhlíthiúil, TFC, riaracháin agus tacaíocht theicniúil chun sineirge a mhéadú, ualaí riaracháin a laghdú, ualaí oibre inbhuanaithe a áirithiú, agus foireann a shaoradh le haghaidh príomhchúraimí oibríochtúla; á aithint go mbeidh gá le straitéis chúramach chuige sin toisc go bhfuil na gníomhaireachtaí

lonnaithe i réigiúin éagsúla, is iad sin cathracha Thessaloniki, na Bratasláive, Turin, Bilbao agus Bhaile Átha Cliath faoi seach;

(iv) ag tathant ar Cedefop cinneadh athsholáthair a ghlacadh lena gcuirfear breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 12 Márta 2026 chun feidhme go hiomlán, i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne, leis na nósanna imeachta agus na rialacha inmheánacha ábhartha, agus le cearta baill foirne a dhéanann iarratas ar athnuachan a gconartha; á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le himeachtaí breise agus costais bhreise airgeadais don Ghníomhaireacht a sheachaint; á iarraidh ar Cedefop plean gníomhaíochta a chur ar aghaidh lena n-áireofaí an méid seo a leanas: (i) an chaoi a ndéanfar an nós imeachta maidir leis an gcinneadh tar éis na staide mar a bhí in 2017 a chur chun feidhme, lena n-áirítear amlíne; (ii) an chaoi a bhfuil sé beartaithe ag Cedefop a áirithiú go gcloífear le rialacha na Rialachán Foirne, le nósanna imeachta inmheánacha, agus le cearta uile baill foirne; (iii) cén cineál cúitimh a íocfar agus cad iad na cúiseanna atá leis sin; (iv) na cineálacha athruithe atá curtha chun feidhme ag Cedefop nó pleananna chun feabhas a chur ar na nósanna imeachta agus baill foirne á n-earcú nó á gcoinneáil; (v) achoimre a thabhairt ar gach cineál costais a tabhaíodh le linn na díospóide dlíthiúla ar fad ó 2017 i leith agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir le dul chun cinn an chur chun feidhme faoi thús mhí Mheán Fómhair;

(v) a mbeartais foirne a neartú chun spleáchas iomarcach ar fhoireann eatramhach, ar oibrithe sealadacha agus ar oiliúnaithe a laghdú, go háirithe le haghaidh príomhfheidhmeanna agus feidhmeanna leanúnacha; á chur i bhfáth gur féidir le socruithe foirne atá forbhásach ó thaobh struchtúir de brúnna ar an ualach oibre a mhéadú, maoirseacht agus oiliúint a lagú, agus nach bhfuil siad fabhrach do dhálaí oibre sláintiúla, sábháilte agus cobhsaí; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí a áirithiú go bhfreastalófar ar riachtanais bhuana go príomha trí fhoireann reachtúil atá oilte go leormhaith, chun peirspictíochtaí fostaíochta níos fadtéarmaí agus níos cobhsaí a chur ar fáil i gcás inarb iomchuí, agus chun a áirithiú nach n-úsáidfear oiliúnaithe chun ganntanais struchtúracha foirne a chúiteamh nó chun príomhfheidhmeanna a dhéanamh;

Gníomhaireachtaí i réimse na Sláinte agus na sábháilteachta bia[18]

103. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil an tsaincheist maidir le hiar-áitreabh EMA i Londain fós ann, rud a chruthaíonn dúshláin shuntasacha airgeadais agus oibríochtúla; á chur in iúl gur eol di, d’ainneoin athlonnú EMA mar gheall ar Brexit,

18 ECDC, EFSA, EMA agus EUDA.

go bhfuil sé fós freagrach ó thaobh airgeadais de as na háitribh sin, staid atá níos measa mar gheall ar staid airgeadais fhorbhásach an fhothionónta tar éis fhéimheacht mháthairchuideachta WeWork i mí na Samhna 2023; á thabhairt dá haire gurb é an t-uasmhéid den neamhchosaint, lena n-áirítear dliteanas cánach comhairle a bheadh iníoctha ag EMA sa chás go mbeadh an t-áitreabh folamh don chuid eile den léas, ná EUR 543 mhilliún;

104. á thabhairt dá haire, i mí Dheireadh Fómhair 2024, i gcomhréir leis an bplé a rinneadh le húdaráis bhuiséadacha an Aontais agus le toiliú a thiarna talún féin, gur chomhaontaigh EMA leasú a dhéanamh ar an bhfoléas atá ann leis an bhfothionónta trí laghdú cíosa a éascú agus íocaíochtaí iomlána ar mhuirir seirbhíse agus árachas tiarna talún á gcoinneáil; á thabhairt dá haire gur áiríodh leis sin forálacha lenar ligeadh do EMA nó don fhothionónta an foléas a fhoirceannadh go luath, i.e. roimh an dáta éaga sceidealaithe i mí an Mheithimh 2039, faoi choinníollacha áirithe; á chur in iúl gur eol di, i ndáil leis sin, go ndearna EMA foráil maidir le conradh dochraideach lena ngabhann glanluach de EUR 122.1 milliún ar an 31 Nollaig 2024; á thabhairt dá haire, in 2024, go bhfuair EMA aisíocaíocht airgid de EUR 11,2 milliún ón gCoimisiún atá aitheanta mar ioncam; ag moladh céimeanna réamhghníomhacha EMA, agus bearta stuama chun cuid den ualach airgeadais a eascraíonn as an tsaincheist sin a mhaolú;

105. á thabhairt chun suntais, nuair a d’eisigh EMA a chuntais, go raibh a oibleagáidí conarthacha comhlíonta ag an bhfothionónta, agus gur chlúdaigh íocaíochtaí cíosa agus muirir seirbhíse an tréimhse suas go dtí an 30 Meitheamh 2025;

106. á chur in iúl go dtacaíonn sí leis an iarraidh ó Bhord Bainistíochta EMA an t-ábhar sin a réiteach ar an leibhéal polaitiúil is airde, rud a chuirfidh ar chumas EMA a chuid acmhainní a dhíriú ar a shainordú foirmiúil agus aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí sláinte poiblí ar fud an Aontais;

107. ag meabhrú dhá cheann de neamhrialtachtaí soláthair EMA, arna dtabhairt chun suntais ag an gCúirt in 2020, as ar eascair íocaíochtaí neamhrialta in 2024; ag tabhairt dá haire gur sháraigh EMA uasteorainneacha airgeadais roinnt creatchonarthaí TF, le méaduithe idir 77 % agus 124 %, de shárú ar Airteagal 172(3)(a)(iii) den Rialachán Airgeadais, rud a d’fhág go raibh íocaíochtaí neamhrialta ann dar luach EUR 3.1 milliún in 2024; ag tabhairt dá haire freagra EMA go raibh gá leis na méaduithe chun freagairt do riachtanais oibríochtúla eisceachtúla a eascraíonn as forbairtí reachtacha agus sláinte poiblí gan choinne, agus gur taifeadadh gach modhnú conartha i gclár na n-eisceachtaí;

108. ag tarraingt aird ar Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2024 lena gcúlghairtear Cinneadh C(2018)4831 (final)

ón gCoimisiún, lenar diúltaíodh údarú margaíochta faoi Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 le haghaidh ‘Aplidin (plitidepsin)’, táirge íocshláinte lena úsáid ag an duine; á thabhairt chun suntais go raibh an chúlghairm bunaithe ar an gcinneadh go raibh ról gníomhach ag coinbhleacht leasa maidir le duine de na comhairleoirí eolaíocha a ghlac páirt sa ghrúpa comhairleach i bhforbairt táirge íocshláinte iomaíoch, imthoisc ar cheart di a rannpháirtíocht a dhícháiliú faoi phrionsabal na neamhchlaontachta oibiachtúla; á thabhairt chun suntais gur threisigh EMA go suntasach a bheartas maidir le leasanna iomaíocha a láimhseáil do chomhaltaí an choiste eolaíoch agus do shaineolaithe arna nglacadh ag Bord Bainistíochta EMA i mí na Nollag 2024 agus gur tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2025;

109. á mholadh obair EMA chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas cógas d’antaibheathaigh amocsaicilline san Eoraip agus ag obair i gcomhar leis an ngníomhaireacht náisiúnta cógas chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas agus mar thoradh air sin baineadh Amoxicillin den liosta ganntanas in 2024; ag spreagadh EMA leanúint d’acmhainní foirne agus buiséid a chur i bhfeidhm le haghaidh spriocanna comhchosúla;

110. ag tabhairt dá haire gur mhol CIE ina Tuarascáil Speisialta 12/2024 go leanfadh EMA de bheith ag obair ar a gcumarsáid a dhéanamh inrochtana go héasca don phobal, ionas go mbeidh léargas níos fearr ag an bpobal ar an úsáid a bhaineann an ghníomhaireacht sin as cistí an Aontais;

111. ag tabhairt dá haire gur mhol CIE, ina Thuarascáil Speisialta i mí na Nollag 2024, go ndéanfadh EMA comhordú le ECDC agus an tÚdarás Práinnfhreagartha Sláinte chun ullmhacht paindéime a fheabhsú trí róil níos soiléire, trí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as cistí an Aontais, agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar na huirlisí, na nósanna imeachta agus an treoir a forbraíodh le linn na paindéime chun a chinneadh cé acu ba cheart a choinneáil nó a oiriúnú i gcomhréir le dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch, agus ag spreagadh acmhainní leormhaithe chun tacú leis an iarracht sin;

112. á thabhairt chun suntais gur luaigh EMA, inter alia, ganntanais leanúnacha cógas criticiúil i mBallstáit an Aontais Eorpaigh agus LEE, lena n-áirítear príomhdhrugaí ailse (Fludarabinum, Viondaisín, Fluorouracil, Cisplatin, Topatacan, Methotrexate) le haghaidh leoicéime, liomfóma, ubhagánach, agus ailse scamhóg mioncheall, chomh maith le cóireálacha riachtanacha diaibéitis (insliní éagsúla, liraglutide, dulaglutide) a bhfuil gá leo le haghaidh bainistiú diaibéiteas de chineál 1 agus de chineál 2;

113. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na sáruithe leanúnacha ar an Rialachán Airgeadais a sainaithníodh i bpróisis soláthair EUDA, agus aird á tabhairt ar na cúig neamhrialtacht ar tharraing an Chúirt aird

orthu in 2024; á chur i bhfáth go n-áirítear ar na neamhrialtachtaí sin:

– deighilt neamhúdaraithe conarthaí agus úsáid mhíchuí nósanna imeachta idirbheartaithe gan údar cuí a thabhairt do thrí chonradh imeachta Liospóin (ionad agus lónadóireacht, EUR 210 668 san iomlán), mar aon le heaspa príomhdhoiciméadachta agus neamh-urramú na gceanglas maidir le poiblíocht soláthair;

– easnaimh thromchúiseacha i gconradh EUR 410 000 le haghaidh córas tuairiscithe gáinneála ar dhrugaí, lena n-áirítear easpa sonraíochtaí tairisceana cuí, critéir dhámhachtana, agus coiste meastóireachta, rud a fhágann go bhfuil an conradh agus a íocaíocht EUR 60 000 neamhrialta;

– íocaíochtaí iomarcacha de EUR 14 007 os cionn luach comhaontaithe an chonartha le haghaidh searmanais insealbhaithe, de shárú ar Airteagal 73 de rialachán airgeadais EUDA;

– soláthar lochtach le haghaidh conradh bailithe sonraí EUR 10 000 san Úcráin, a raibh critéir dhámhachtana agus doiciméadacht chuí in easnamh air;

– neamhchomhlíonadh ceanglas poiblíochta agus dearbhuithe coinbhleachta leasa i soláthar seirbhísí eatramhacha EUR 100 000;

114. ag cur sonrú i bhfreagairt EUDA, lena n-aithnítear easnaimh nós imeachta agus an gá atá le gníomhaíochtaí leantacha chun comhlíonadh a áirithiú;

115. ag cur sonrú sna moilleanna leanúnacha ar chur chun feidhme in EUDA maidir le moltaí na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach i ndáil le bainistiú acmhainní daonna agus eitic, go háirithe an moladh oscailte i dtaca le hualach oibre agus bainistíocht feidhmíochta, atá fós gan réiteach i réimse na ndúshlán cur chun feidhme maidir le measúnú ar an ualach oibre agus modhanna bainistíochta gníomhaíochtbhunaithe don fhoireann/leithdháileadh FTE agus buiséadú costais; á chur in iúl gur eol di go ndearna an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar a sprioc-am cur chun feidhme go dtí an 31 Nollaig 2025;

116. ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte gur seoladh trí cinn de nósanna imeachta soláthair ECDC gan cinntí maoinithe roimh ré, rud atá contrártha le hAirteagal 72(3)(b) dá Rialachán Airgeadais; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil laigí rialaithe sa mheastóireacht ar chonradh comhdhála EUR 2.8 milliún, lena n-áirítear fíorú neamhleor ar chritéir roghnúcháin, agus easpa seiceálacha ar thairiscintí thar a bheith íseal, rud a sháraíonn

Airteagail 151 agus 167 agus roinn 23 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais; ag cur sonrú sa fhreagra ón Lárionad ina leagtar amach bearta ceartaitheacha, lena n-áirítear fíorú treisithe *ex-ante* agus doiciméadacht fheabhsaithe le haghaidh meastóireachtaí soláthair;

117. á thabhairt chun suntais go molann CIE obair ECDC leis na Ballstáit chun córas comhchuibhithe faireachais galar tógálach ar fud an Aontais a neartú, feabhas a chur ar phróisis inmheánacha chun treoir níos tráthúla agus níos praiticiúla a chur ar fáil, agus cumarsáid níos soiléire a dhéanamh leis an bpobal trí theanga shimplí a úsáid, chun úsáid chistí an Aontais a léiriú ar bhealach níos fearr, mar a thug CIE dá haire i dTuarascáil Speisialta 12/2024 uaithi;

Moltaí

118. á iarraidh ar na gníomhaireachtaí gníomhú de réir bharúlacha na Cúirte, go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

    (i) EUDA chun aghaidh a thabhairt láithreach ar neamhrialtachtaí, rialuithe inmheánacha a neartú, agus a áirithiú go gcloífear go docht le rialacha soláthair chun tuilleadh sáruithe a chosc;

    (ii) ar EMA feabhas a chur ar a nósanna imeachta chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus a chosc agus comhaltaí boird comhairleacha á roghnú aige;

    (iii) ECDC chun cur chun feidhme comhsheasmhach na rialacha soláthair a áirithiú, lena n-áirítear fíorú treisithe *ex-ante*;

    (iv) oiliúint leormhaith a thairiscint don fhoireann i rialacha soláthair;

119. á iarraidh ar na gníomhaireachtaí seo a leanas, thairis sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

    (i) tabharfaidh EUDA tuairisc don Údarás um Urscaoileadh maidir le mionsonraí a dhul chun cinn i gcur chun feidhme mholtaí na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach maidir le bainistiú acmhainní daonna agus eitic, go háirithe an moladh oscailte maidir le hualach oibre agus bainistíocht feidhmíochta;

    (ii) ar na gníomhaireachtaí uile barúlacha CIE a thabhairt dá n-aire, go háirithe maidir le rialacha soláthair agus gníomhaíocht a dhéanamh dá réir sin trí mholtaí CIE a chur chun feidhme;

    (iii) go gcuirfidh ECDC agus EMA cuid dá mbuiséad i bhfeidhm chun na moltaí a leag an Chúirt amach i dTuarascáil Speisialta 12/2024 agus a liostaítear thuas a chur chun feidhme;

    (iv) ar EMA, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhú

láithreach chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais leanúnacha cógas criticiúil a liostaítear thuas, agus i ndáil leis sin, tathantaíonn sí ar EMA comhoibriú go dlúth leis na húdaráis náisiúnta agus leis an gCoimisiún chun an méid seo a leanas a dhéanamh: i) acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb ii) anailís a dhéanamh ar chúiseanna na nganntanas sin agus bealaí a mholadh chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear monaraíocht, slabhra soláthair, dúshláin dáileacháin, agus bacainní ar an margadh inmheánach nó caomhnaitheacht náisiúnta, lena n-áirítear an gá atá le cógais leighis Eorpacha a tháirgeadh iii) pleananna teagmhasacha a fhorbairt chun rochtain gan bhriseadh ar othair a áirithiú, lena n-áirítear tosaíocht a thabhairt do chásanna a bhfuil géarghá leo; á thabhairt chun suntais go bhfuil gníomhaíocht láithreach chomhordaithe ríthábhachtach chun moilleanna ar chóireáil a chosc, chun meath ar thorthaí othar a sheachaint, agus chun muinín an phobail as córas cúraim sláinte na hEorpa a chosaint; ag spreagadh EMA chun acmhainní inmheánacha breise a chur i bhfeidhm óna mbuiséad i dtreo na sprice sin;

Gníomhaireachtaí i réimse an Iompair agus na soghluaisteachta[19]

120. ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte go ndearna GSEE íocaíochtaí neamhrialta in 2024 arbh fhiú EUR 43 000 san iomlán iad faoi chonradh le haghaidh seirbhís nach gcumhdaítear leis an gconradh; ag cur sonrú sa fhreagra ón nGníomhaireacht ina n-aithnítear an tsaincheist agus ina luaitear go bhfuil gníomhaíocht cheartaitheach déanta ag an nGníomhaireacht agus gur áiríodh an tseirbhís sa Chreatchonradh ó 2025 ar aghaidh;

121. ag cur sonrú i mbarúlacha na Cúirte maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe ERA, lena n-áirítear:

– drochdhoiciméadacht a chuir cosc ar an ngníomhaireacht EUR 144 153 in íocaíochtaí a mheaitseáil le haghaidh Chomhdháil 2024 an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid, rud a d’fhéadfadh a bheith ina bhaol do bhailiú iomlán ioncaim;

– eisiúint dhéanach nótaí dochair de shárú ar Airteagal 43 de rialachán bunaidh ERA, lena gceanglaítear nótaí dochair a eisiúint laistigh de 60 lá ó sholáthar seirbhíse;

Moltaí

122. á iarraidh ar na gníomhaireachtaí gníomhú de réir bharúlacha na Cúirte, go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

---

19 GSEE, EMSA agus ERA.

– ERA, chun córas rianaithe caighdeánaithe a bhunú agus a fhorfheidhmiú le haghaidh gach teagmhais lena n-íoctar táillí agus chun córas a chur chun feidhme chun próisis sonrascaithe a uathoibriú chun a áirithiú go n-eiseofar nótaí dochair laistigh de 60 lá ó sheachadadh na seirbhíse, lena laghdófar an spleáchas ar thruicir de láimh, lena bhforfheidhmeofar rialuithe inmheánacha agus lena n-áireofar tráthúlacht an tsonraisc mar Phríomhtháscaire Feidhmíochta (PTF) sa tuairisciú airgeadais;

Gníomhaireachtaí i réimse an Chomhshaoil agus an Fhuinnimh[20]

123. ag cur sonrú i dtrí bharúil na Cúirte maidir le neamhrialtachtaí soláthair in EEA lena n-áirítear:

– íocaíochtaí neamhrialta faoi chreatchonradh le haghaidh seirbhísí ceaintín agus lónadóireachta, EUR 6 514 a aisíoc gan sonrasc a sheoladh chuig an nGníomhaireacht, rud atá contrártha le hAirteagal 111(2) den Rialachán Airgeadais agus praghsanna lóin a mhéadú 34 % os cionn an tsásra innéacsaithe a comhaontaíodh; ag cur sonrú sa fhreagra ón nGníomhaireacht gur teagmhais aonair iad sin, agus gur soiléiríodh agus neartaíodh nósanna imeachta ó shin, agus gur dálaí eisceachtúla boilscithe ba chúis leis an gcoigeartú praghais;

– úsáid a bhaint as a Chóras inmheánach Cruinnithe Saineolaithe chun seirbhísí lónadóireachta a ordú, in ionad na bhfoirmeacha ordaithe a cheanglaítear leis an gcreatchonradh, lena gcuirtear cosc ar fhaireachán iontaofa ar chaiteachas carnach agus lena bhfuil an baol ann go sárófaí uasteorainn chonartha de shárú ar Airteagal 111(1) agus (3) den Rialachán Airgeadais; ag aithint fhreagra EEA go gcuireann Córas Cruinnithe Saineolaithe próiseas rialaithe cuíchóirithe ar fáil agus go leasóidh sé an creatchonradh dá réir sin; á thabhairt chun suntais, chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar ábhair imní na Cúirte, gur cheart Córas Cruinnithe na Saineolaithe a chomhtháthú leis an gcóras cuntasaíochta chun a áirithiú go nginfidh gach ordú lónadóireachta gealltanais atá ceangailteach ó thaobh dlí go huathoibríoch;

– cineál conartha: ag tabhairt dá haire nár shonraigh EEA an cineál conartha shonraigh (praghas seasta nó am agus modh) le haghaidh conradh comhairliúcháin TF ar mhéid EUR 731 000, contrártha le roinn 1.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais, rud a d’fhág go raibh sé dodhéanta méid iomlán an chonartha a réiteach leis an bpraghas in aghaidh an tsainchomhairleora; ag cur sonrú i míniú EEA nach raibh aon tionchar airgeadais ag an easnamh, agus sa ghealltanas chun a áirithiú go n-áireofar an fhaisnéis sin i ngach conradh a bheidh

20 ACER, ECHA, EEA agus EFCA.

ann amach anseo;

124. ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte gur shínigh ECHA conradh sonrach bonneagair TF dar luach EUR 8.1 milliún, ar mó é ná EUR 1.3 milliún teorainn tharmligthe an oifigigh údarúcháin; ag cur sonrú i míniú na Gníomhaireachta go raibh an conradh bunaithe ar mheastacháin neamhcheangailteacha ar mhéid na seirbhíse laistigh de theorainneacha na leithreasuithe bliantúla agus nár sháraigh na gealltanais bhuiséadacha iarbhír an t-údarás tarmligthe; á mholadh do ECHA ailíniú soiléir a áirithiú idir tarmligin airgeadais agus gealltanais chonarthacha; á iarraidh ar an nGníomhaireacht sásraí feabhsaithe réamhbhreathnaitheacha um scagadh a thabhairt isteach do chonraitheoirí seachtracha a bhfuil baint acu le hobair a bhaineann le cinnteoireacht rialála na Gníomhaireachta;

125. ag tarraingt aird ar na hábhair imní a chuir roinnt eagraíochtaí na sochaí sibhialta in iúl maidir le coinbhleacht leasa ghairmiúil a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás Ramboll Germany GmbH, comhairleacht a rinne staidéir theicniúla roimhe seo do ECHA agus a chuir seirbhísí ar fáil do pháirtithe leasmhara tionscail ag an am céanna atá ag iarraidh tionchar a imirt ar shrianta PFAS atá ar na bacáin; á chur i bhfáth gur cheart go léireodh sainstruchtúir chomhairleacha ionadaíocht chothrom ar shaineolas eolaíoch, tionsclaíoch agus na sochaí sibhialta chun dlisteanacht agus cinnteoireacht fhianaisebhunaithe a neartú; ag aithint éileamh na n-eagraíochtaí go bhféadfadh gníomhaíochtaí comhthreomhara Ramboll an neamhchlaontacht a cheanglaítear faoi Airteagail 2(56) agus 143(d) den Rialachán Airgeadais a chur i mbaol; á chur i bhfáth go gceanglaítear le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais ar an nGníomhaireacht a áirithiú go ndéanfar soláthar agus forghníomhú conarthaí ar bhealach lena gcaomhnófar neamhchlaontacht institiúideach agus muinín an phobail; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh coinbhleachtaí leasa gan aithint difear a dhéanamh d'inchreidteacht gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas fiú in éagmais neamhrialtacht nós imeachta; á iarraidh go mbeadh coimircí leormhaithe ann lena dtabharfaí aghaidh ar rioscaí iarbhír agus ar rioscaí dealraitheacha araon;

126. ag tabhairt dá haire, áfach, gur shoiléirigh ECHA go ndearnadh an obair a rinne Ramboll Deutschland don Ghníomhaireacht maidir le PFAS idir 2020 agus 2021, roimh rannpháirtíocht 2022 na comhairleoireachta leis an tionscal, agus go ndearnadh measúnuithe coinbhleachta leasa i gcomhréir le nósanna imeachta ECHA tráth a dámhadh an conradh; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nár thíolaic Ramboll tairiscintí le haghaidh conarthaí sonracha faoi chreatchonradh 2024 atá ann faoi láthair; á chur in iúl gur geal léi an ráiteas ó ECHA go ndearna sé athbhreithniú inmheánach mionsonraithe mar fhreagairt ar iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid agus nár aimsigh sé aon choinbhleacht leasa neamhbhainistithe; á chur i bhfáth, mar sin féin, a thábhachtaí atá sé seiceálacha

coinbhleachta leasa láidre, réamhghníomhacha agus réamhbhreathnaitheacha a áirithiú do gach conraitheoir seachtrach, go háirithe iad sin a bhfuil baint acu le hobair theicniúil a chuireann le cinntí rialála íogaire; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart cothromaíocht comhaltaí ó earnálacha éagsúla a bheith i ngrúpaí saineolaithe, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, earnálacha na heolaíochta agus an tsochaí shibhialta chun inniúlachtaí agus dearcthaí éagsúla a léiriú; á iarraidh ar an nGníomhaireacht seiceálacha neamhspleáchais conraitheoirí a chomhtháthú ina creat rialaithe inmheánaigh agus bainistithe riosca níos leithne; á chur i bhfáth gur gá nósanna imeachta láidre agus réamhghníomhacha a áirithiú chun aon riosca coinbhleachta leasa nó tionchair mhíchuí a chosc;

127. ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte gur chuir EFCA foirmle soláthair i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí TF as ar eascair ualú éifeachtach an chritéir praghais a thiteann faoi bhun an íosmhéid 30 % a mholtar sna treoirlínte ón gCoimisiún (Iarscríbhinn I, pointe 21.2 den Rialachán Airgeadais); ag tabhairt dá haire go bhfuil EFCA tiomanta gan an fhoirmle sin a chur i bhfeidhm i nósanna imeachta soláthair amach anseo;

128. ag tabhairt dá haire gur thug an Chúirt dhá bharúil maidir le neamhrialtachtaí soláthair ACER as ar eascair íocaíochtaí neamhrialta in 2024; á chur i bhfios, tar éis athrú beartais díoltóra, gur ordaigh ACER seirbhísí tacaíochta TF gan bunús dlí ar feadh 6 seachtaine sular síníodh an conradh leasaithe, rud a d’fhág go raibh íocaíochtaí neamhrialta EUR 8 179 ann de shárú ar Airteagal 172(1) den Rialachán Airgeadais; ag cur sonrú sa fhreagra ón nGníomhaireacht gur formheasadh an eisceacht sin go foirmiúil chun cur isteach ar sheirbhísí a sheachaint agus go ndearnadh íocaíochtaí as seirbhísí a ndearnadh iad a sheachadadh agus a dhoiciméadú go cuí;

129. ag tabhairt dá haire gur ghlac ACER le tairiscint airgeadais athbhreithnithe i nós imeachta idirbheartaithe, lenar méadaíodh luach an chonartha ó EUR 51 450 go EUR 79 450 tar éis a tíolactha, de shárú ar Airteagail 151, 160(1), agus 170 den Rialachán Airgeadais;

130. á mheabhrú go bhfuil barúil na Cúirte maidir le spleáchas struchtúrach ACER ar oibrithe eatramhacha fós ar oscailt ó 2019 i leith, agus go leanann foireann eatramhach de chúraimí fadtéarmacha a dhéanamh ar cheart dóibh a bheith faoi réir foireann atá fostaithe go díreach de ghnáth; ag tabhairt dá haire, cé gur tháinig laghdú ar líon na n-oibrithe eatramhacha ó 18 in 2023 go 16 in 2024, go raibh an staid fós ann agus go bhfuil sé beartaithe ag ACER cuid de na gníomhaíochtaí sin a ligean ar fochonradh; ag cur sonrú i bhfreagraí na Gníomhaireachta ar an gceistneoir, ar dá réir atá gá le seachfhoinsiú forleathan mar gheall ar easpa acmhainní

inmheánacha agus saineolas speisialaithe; á thabhairt faoi deara go ndéanann ACER raon leathan feidhmeanna a sheachfhoinsiú, lena n-áirítear comhairleachtaí agus staidéir an-speisialaithe maidir le rialáil fuinnimh, seirbhísí dlí, eagrú imeachtaí, agus seirbhísí ginearálta éagsúla, ach go mbaineann an spleáchas is suntasaí leis an réimse TF, ina ndéanann soláthraithe seirbhíse seachtracha dearadh, forbairt, cur chun feidhme, tacaíocht, cothabháil agus slándáil a chóras den chuid is mó; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, go bhfuil níos mó ná 100 saineolaí seachtrach TF (ní gá go bhfuil siad lánaimseartha) ag gabháil do sheirbhísí TF a sholáthar do ACER, i gcomparáid le 17 mball foirne inmheánacha TF, rud a chruthaíonn éagothroime struchtúrach shuntasach; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go luann ACER gur mhol an Coimisiún an tsamhail seachfhoinsithe sin go sainráite i bhfianaise phlean bunaíochta teoranta na Gníomhaireachta agus srianta acmhainní; á chur i bhfios go láidir, áfach, gur cúis imní é an spleáchas leanúnach sin ar sholáthraithe seachtracha do bhunchumais TF, mar aon le húsáid leanúnach oibrithe eatramhacha le haghaidh cúraimí buana, maidir le coinneáil eolais, leanúnachas oibríochtúil agus acmhainneacht institiúideach fhadtéarmach; á chur i bhfáth nach mór aghaidh a thabhairt go práinneach ar an spleáchas trom TF chun coinneáil eolais agus leanúnachas oibríochtúil a chosaint; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar ACER tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis na bearta ceartaitheacha a glacadh;

Moltaí

131. á iarraidh ar na gníomhaireachtaí gníomhú de réir bharúlacha na Cúirte, go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) ar EEA a nósanna imeachta soláthair agus bainistithe conarthaí a neartú chun neamhrialtachtaí comhchosúla a chosc, go háirithe trí cheanglais sonrasctha agus innéacsaithe praghsanna an Rialacháin Airgeadais a fhorfheidhmiú go córasach le haghaidh na gcreatchonarthaí uile, tríd an gCóras Cruinnithe Saineolaithe a chomhtháthú le córais chuntasaíochta agus gealltanais EEA chun a áirithiú go nginfidh orduithe lónadóireachta gealltanais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus go mbeifear in ann faireachán iontaofa a dhéanamh ar chaiteachas carnach i gcomhréir le hAirteagal 111, trí shainordú a thabhairt an cineál conartha a áireamh (praghas seasta nó am agus modh) i ngach conradh sonrach i gcomhréir le hIarscríbhinn I, agus trí sheiceálacha rialta, oiliúint foirne agus rialuithe maoirseachta treisithe a chur chun feidhme agus na bearta ceartaitheacha uile a rinneadh á ndoiciméadú go hiomlán ag an am céanna;

(ii) EFCA chun a áirithiú go gcomhlíonfar go docht rialacha soláthair an Aontais trí chritéir ualaithe praghsanna 30 % ar a laghad a choinneáil ar bun, oiliúint inmheánach a sholáthar

maidir le cur i bhfeidhm cuí ualuithe soláthair, cruthúnas doiciméadach éigeantach a thabhairt isteach (e.g. conarthaí cíosa), iniúchtaí cónaithe tréimhsiúla a dhéanamh, agus rialuithe a neartú chun íocaíochtaí míchuí liúntais a chosc agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir le cur chun feidhme;

(iii) ACER chun neamhrialtachtaí soláthair amach anseo a chosc agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán an Rialachán Airgeadais;

Gníomhaireachtaí i réimsí eile[21]

132. ag tabhairt dá haire, in dhá nós imeachta idirbheartaithe, nár shonraigh Oifig BEREC critéir roghnúcháin sna sonraíochtaí tairisceana, contrártha do phointe 18.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais agus riosca ann d'Oifig BEREC go bhféadfadh sé nach mbeadh sé d'acmhainn ag an gconraitheoir na conarthaí a chur chun feidhme; ag tabhairt dá haire gur mhínigh Oifig BEREC go ndearnadh measúnú ar acmhainneacht na gconraitheoirí trí chomhairliúcháin roimh ré agus go n-áiritheoidh sí go sonrófar critéir roghnúcháin i ngach tairiscint amach anseo;

133. ag tarraingt aird ar an bhfíoras go raibh sé de cheangal ar an gCoimisiún, faoi mhí na Nollag 2023, meastóireacht 5 bliana ar Oifig BEREC a chur i gcrích faoi Airteagal 48 dá rialachán bunaidh arb é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar athruithe struchtúracha nó sainordaithe a d'fhéadfadh a bheith ann d'oifig BEREC, mar aon le haon impleachtaí airgeadais; ag tabhairt dá haire, amhail ag deireadh 2024, nach raibh an mheastóireacht sin tugtha chun críche go fóill ag an gCoimisiún agus, de réir iarraidh ó Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, gur chuir an Coimisiún in iúl don Pharlaimint go gcuirfear an tuarascáil mheastóireachta isteach i mí na Nollag 2025;

134. ag tabhairt dá haire gur ann do bharúil na Cúirte maidir le neamhrialtacht soláthair CdT i gconradh le haghaidh trealaimh TF i dtaca le cíosanna raca, arna dhámhachtain in 2016 trí nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré; á thabhairt chun suntais go ndearnadh an conradh a athnuachan 13 huaire, ag brath go mícheart ar an díolúine ón gconradh tógála faoi Airteagal 134(1)(h) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún, níl feidhm ag foráil a chinn an Chúirt maidir le cíosanna raca TF;

135. ag tabhairt dá haire nár ghlac ENISA cinneadh cuí maoiniúcháin sular seoladh nósanna imeachta soláthair le haghaidh caiteachas oibríochtúil, rud a bhain an bonn de phleanáil éifeachtach agus d'fhormhaoirseacht éifeachtach agus a sháraigh Airteagal 32(1) agus

---

21 Oifig BEREC, CdT, ENISA, EIT, EUSPA agus GSE.

Airteagal 72(3)(b) dá rialacha airgeadais; ag cur sonrú sa fhreagra ó ENISA go n-aontaíonn sé leis an mbarúil agus go bhfuil na bearta is gá déanta aige chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist;

136. ag tabhairt faoi deara, i gcás ceithre chomhdháil (2022-2024), gur sháraigh meánrátaí óstáin ENISA uasteorainneacha foirne is infheidhme an Aontais, le táillí arda cealaithe (30 % de na costais iomlána) i gcás dhá imeacht; á thabhairt chun suntais go bhfuil easpa treoirlínte nó seiceálacha *ex ante* ann maidir le heagrú comhdhálacha; ag cur sonrú sa fhreagra ó ENISA go n-aontaíonn sé agus go ndéanfaidh sé gníomhaíocht cheartaitheach;

137. ag tarraingt aird ar nós imeachta soláthair le haghaidh seirbhísí taighde agus forbartha nach raibh doiciméadacht leordhóthanach acu chun údar a thabhairt le luach measta an chonartha agus nár shainigh critéir roghnúcháin shonracha agus intomhaiste, mar a cheanglaítear le hAirteagal 167 agus le hIarscríbhinn I, pointe 18.2, den Rialachán Airgeadais; ag cur sonrú sa fhreagra ó ENISA gur thug sé aghaidh ar an ábhar imní cheana féin;

138. ag tabhairt dá haire gur thug an Chúirt barúil maidir le EIT, go háirithe go raibh ráta earráide foriomlán 0.4 % mar thoradh ar fhíorú seachtrach *ex-post* ar shampla ionadaíoch de mhíreanna costais faoi íocaíochtaí deontais; ag tabhairt faoi deara go ndearna an chúirt an ráta earráide foriomlán don sampla a athríomh, lena n-ionchorpraítear méid neamh-incháilithe breise a bhraith siad ina hiniúchadh, agus gur tháinig sí ar an gconclúid go ndearna ráta earráide measta 0.8 % difear do na híocaíochtaí deontais, ráta a raibh feidhm aige maidir leis an EUR 6 mhilliún d’íocaíochtaí deontais EIT imréitithe in 2024 agus go léiríonn sí go bhféadfadh earráid difear a dhéanamh do thart ar EUR 50 000;

139. ag tabhairt dá haire gur aistrigh EIT a chomhaontuithe deontais ó struchtúr bliantúil go struchtúr ilbhliantúil in 2023; ag tarraingt aird ar an bhfíoras go bhfuil tionchar ag an athrú sin ar mheasúnú na Cúirte ar dhlíthiúlacht agus rialtacht, nach féidir a dhéanamh ach amháin le linn íocaíochtaí eatramhacha agus deiridh; ag tabhairt dá haire gur íoc EIT EUR 412 mhilliún i réamh-mhaoiniú le haghaidh comhaontuithe ilbhliantúla in 2024, is é sin 92.9 % d’iomlán na n-íocaíochtaí don bhliain; ag tabhairt dá haire go ndéanfar measúnú ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí sin sna blianta amach romhainn; á chur i bhfáth go bhfuil gá le sásraí neartaithe faireacháin agus rialaithe chun an riosca a bhaineann le ceartuithe airgeadais nó aisghabhálacha amach anseo a mhaolú mar gheall ar sciar ard den sórt sin d’íocaíochtaí réamh-mhaoinithe;

140. á chur in iúl gur cúis imní di imscrúduithe OLAF ar thrí chás éagsúla a tugadh i gcrích in 2024 agus a mholtaí Airgeadais agus Riaracháin ina dhiaidh sin; á thabhairt dá haire gur mhol OLAF go ndéanfadh EIT méideanna suntasacha a aisghabháil ó na tairbhithe atá faoi réir

an imscrúdaithe; á thabhairt dá haire go mbaineann an méid atá le haisghabháil le comhaontuithe deontais a dámhadh ó 2020 go 2023; ag tabhairt dá haire go ndearna EIT íocaíocht réamh-mhaoinithe EUR 52.1 milliún in 2024 i ndáil le comhaontú deontais 2023 agus nach raibh sé mar chuid de phobal iniúchóireachta íocaíochtaí na Cúirte in 2024;

141. ag tabhairt dá haire, agus aird ar leith á tabhairt ar na mínithe a chuir Stiúrthóir EIT ar fáil le linn na héisteachta a tionóladh an 1 Nollaig 2025 go mbaineann na neamhrialtachtaí le tairbhithe dheontais EIT seachas le baill d'fhoireann EIT, agus sa dá mhórchás, gur bhraith an Ghníomhaireacht féin na neamhrialtachtaí agus gur thuairiscigh sí go réamhghníomhach iad do OLAF; ag tabhairt dá haire, thairis sin, tar éis tuarascálacha deiridh OLAF a fháil, go bhfuil gníomhaíocht cheartaitheach déanta láithreach ag EIT, go háirithe maidir leis an bpríomh-neamhrialtacht, lena n-áirítear gach íocaíocht leis an tairbhí lena mbaineann a chur ar fionraí, an comhaontú deontais leanúnach a fhoirceannadh roimh am, agus nósanna imeachta aisghabhála a sheoladh le haghaidh deontais a ndearnadh difear dóibh roimhe sin, chomh maith le ceangal a chur ar an tairbhí feabhas a chur ar a phróisis agus ar a nósanna imeachta; ag dréim leis go ndéanfaidh EIT na gníomhaíochtaí leantacha uile a eascraíonn as moltaí OLAF a chur chun feidhme go hiomlán agus go n-áiritheoidh sí go maolóidh sásraí rialaithe neartaithe na rioscaí comhchosúla go héifeachtach i dtimthriallta cistiúcháin amach anseo;

142. á chur i bhfios, mar gheall ar chastacht ceann de na trí chás, go bhfuil EIT ag obair go dlúth le seirbhísí dlí an Choimisiúin, le OLAF agus le AS BUDG agus go meastar faoi láthair go bhfuil an méid measta atá le haisghabháil thart ar EUR 15-20 milliún;

143. á aithint go ndearna EIT measúnú in 2024 ar a rialuithe inmheánacha agus gur shainaithin sé trí phríomhriosca a bhfuil dóchúlacht ard ann go dtarlóidh siad agus go mbeidh tionchar suntasach acu ar a ghníomhaíochtaí:

   – Acmhainní daonna Neamhleora: ag tabhairt dá haire go n-aithníonn an Chúirt agus Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin an riosca sin, agus béim á leagan acu ar neamhrialtachtaí mar gheall ar thearclíon foirne; ag tathant go méadófaí an líon pearsanra agus go méadófaí an cistiú dá réir sin;

   – Dul chun cinn Straitéiseach PENanna: á chur in iúl gur oth léi go bhféadfadh sé nach mbainfeadh Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) cuspóirí straitéiseacha amach mar gheall ar neamhailíniú, calaois, nó tosca eile; á chur in iúl gur cúis imní di go bhfuil roinnt PENanna fós ag titim ar gcúl i gcórais frithchalaoise, agus go bhféadfadh sé go mbeadh gá le

haisghabháil cistí de bharr athbhreithnithe leanúnacha ar imscrúduithe OLAF a bhaineann le PENanna;

– Bagairtí Cibearshlándála: tá riosca an-ard ag baint le cibirionsaithe, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar leanúnachas gnó, a bheith ina chúis le caillteanas sonraí, agus damáiste a dhéanamh do chlú;

144. ag tarraingt aird ar dhá neamhrialtacht bhuiséadacha i mbuiséad leasaitheach 2025 EIT:

– cothromaíocht bhuiséadach: ag tabhairt dá haire gur léiríodh sa leagan bunaidh ioncam EUR 463.6 milliún i gcomparáid le caiteachas EUR 446.7 milliún, rud a sháraíonn Airteagail 8 agus 16 den Rialachán Réime Airgeadais; ag aithint leagan ceartaithe an 31 Márta 2025;

– earráid san aicmiú ioncaim: ag tabhairt dá haire gur chuir EIT EUR 16.7 milliún san áireamh in ioncam sannta seachtrach faoi Theideal 2 'Ranníocaíochtaí' seachas caibidil thiomnaithe a chruthú, rud a sháraíonn Airteagail 8, 20, 21 agus 25; ag tabhairt dá haire go bhfuil gealltanas tugtha ag EIT ó shin a bhuiséad a athstruchtúrú chun an t-ioncam sin a aicmiú go cuí in 2025;

145. ag tabhairt dá haire nach bhfuil téarmaí conarthacha á gcomhlíonadh le creatchonradh EIT le haghaidh seirbhísí taistil, toisc nach n-úsáidtear foirmeacha ordaithe ná conarthaí sonracha chun seirbhísí taistil a ordú; ag tabhairt faoi deara go mbraitheann EIT ar orduithe misin foirne mar ghealltanais dhlíthiúla ach nach gcuireann sé in iúl don chonraitheoir iad, agus freagracht iomlán á tarmligean ina ionad sin chuig baill foirne taistil a gceanglaítear orthu a seirbhísí taistil a ordú go díreach trí ríomhphost; á thabhairt chun suntais trí chás nár fhormheas baill foirne údaraithe go cuí, orduithe misin agus éilimh ar chostais, agus nach bhfuil córas iontaofa ag EIT chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na huasteorann conartha; ag aithint fhreagra EIT lena ndeimhnítear nár sáraíodh uasteorainn an chonartha ach á iarraidh ar an nGníomhaireacht tarmligean cuí an údaráis ceadaithe a áirithiú, agus córas faireacháin a chur chun feidhme chun comhlíonadh uasteorainn an chonartha a rianú;

146. á thabhairt faoi deara gur thug EIT EUR 118 697 i ngealltanais maidir le costais foirne anonn go 2025 mar leithreasuithe C9, d'ainneoin Airteagal 12(5) den Rialachán Réime Airgeadais lena gceanglaítear na gealltanais sin a chealú faoi dheireadh na bliana; ag tabhairt dá haire gur admhaigh EIT an tsaincheist agus go bhfuil sé tiomanta do rialuithe inmheánacha a neartú chun atarlú a chosc;

147. ag tabhairt dá haire go bhfuil ról straitéiseach ag EUSPA mar phríomhcholún de Chlár Spáis an Aontais maidir le bonn

tionsclaíoch, iomaíochas agus nuálaíocht an Aontais a threisiú; iarrann sí ar an gCoimisiún, agus an chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile á ullmhú aici, a áirithiú go mbeidh cumhacht agus acmhainní leordhóthanacha ag EUSPA chun a fheidhmíocht agus a acmhainneacht seachadta a neartú chun tacú le huathriail straitéiseach agus ceannasacht an Aontais, lena n-áirítear trí chúraimí nua a chur chun feidhme faoi Ghníomh Spáis an Aontais; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tús áite a thabhairt don soláthar Eorpach i réimsí atá ríthábhachtach d'athléimneacht, do shlándáil agus do neamhspleáchas teicneolaíoch an Aontais;

148. á iarraidh ar na gníomhaireachtaí gníomhú de réir bharúlacha na Cúirte, go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) áiritheoidh Oifig BEREC go gcomhlíonfar go hiomlán na rialacha soláthair trí chritéir roghnúcháin a shainiú go córasach i nósanna imeachta idirbheartaithe agus trí shásraí um dhearbhú acmhainneachta a neartú;

(ii) CdT chun rialuithe soláthair a threisiú chun cosc a chur ar atarlú i ndáil le neamhchomhlíonadh le rialacha airgeadais an Aontais agus rialacha airgeadais inmheánacha;

(iii) ar ENISA cinntí airgeadais a ghlacadh roimh sholáthar, treoirlínte agus seiceálacha *ex ante* a thabhairt isteach maidir le heagrú comhdhálacha, agus doiciméadacht iomlán agus critéir roghnúcháin intomhaiste a áirithiú i ngach nós imeachta;

(iv) ar EIT maoirseacht ar fhíoraitheoirí seachtracha a neartú agus a sheicliostaí athbhreithnithe a fheabhsú, cothromaíocht bhuiséadach chuí agus aicmiú ioncaim cuí a áirithiú, cur chun feidhme a chreatchonartha seirbhíse taistil a fheabhsú, agus rialuithe inmheánacha a threisiú chun tabhairt anonn neamhrialta a sheachaint;

149. á iarraidh ar na gníomhaireachtaí seo a leanas, thairis sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) ar Oifig BEREC tuairisc a thabhairt don Údarás um Urscaoileadh maidir le meastóireacht cúig bliana an Choimisiúin, atá ag teastáil go géar, a thabhairt chun críche agus obair leantach a dhéanamh uirthi;

(ii) ar ENISA an tÚdarás um Urscaoileadh a chur ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a chur chun feidhme i ndáil le pleanáil soláthair, bainistiú comhdhálacha, agus na nósanna imeachta maidir le taighde agus forbairt a dhoiciméadú;

(iii) ar EIT an tÚdarás um Urscaoileadh nuashonrú a thabhairt maidir le cur chun feidhme mholtaí OLAF agus sásraí rialaithe a

neartú chun nach dtarlóidh siad arís amach anseo; leanúint dá rialachas cibearshlándála a neartú i gcomhréir iomlán le Rialachán (AE, Euratom) 2023/2841, chun cumais inmheánacha chibear-athléimneachta a fheabhsú tuilleadh; beartas a bhunú maidir le rochtain ar dhoiciméid chun grinnscrúdú parlaiminteach agus poiblí ar úsáid chistí an Aontais a chumasú, go háirithe maidir leis na Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna);

(iv) ar CdT leanúint d'fheabhas a chur ar inrochtaineacht doiciméad i dteangacha uile an Aontais chun rochtain chomhionann a áirithiú do shaoránaigh uile an Aontais;

150. molann sí don Choimisiún:

(i) fadhbanna sistéamacha a shainaithint i ngach gníomhaireacht maidir le soláthar seirbhísí TF, féachaint an bhfuil gá i gcónaí le glaonna nua soláthair chun leanúnachas gnó a áirithiú, féachaint an dtabharfar isteach rialacha sonracha níos solúbtha maidir le soláthar TF, chun tacaíocht agus formhaoirseacht a sholáthar do na gníomhaireachtaí i ndáil leis sin;

(ii) oiliúint leormhaith a sholáthar i nósanna imeachta soláthair; ag tathant ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna sistéamacha i nósanna imeachta soláthair ar fud na ngníomhaireachtaí uile, chun réimsí sonracha fadhbanna a fhionnadh agus réitigh a mholadh.